AN GHNÍOMHAIREACHT
NÁISIÚNTA **BAINNE**

# An Ghníomhaireacht Náisiúnta Bainne

## Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 2019





AN GHNÍOMHAIREACHT
NÁISIÚNTA **BAINNE**

Bhunaigh an tOireachtas an Gníomhaireacht Náisiúnta Bainne le soláthar bainne chun óil sa Stát a rialáil mar a leagtar amach san Acht Bainne (Soláthar a Rialáil), 1994.



# RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH 2019

## Chuig: An tUasal Michael Creed TD, An tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara.



Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil na Gníomhaireachta Náisiúnta Bainne le haghaidh 2019 a chur i láthair, de réir Alt 18 d'Acht an Bhainne (Soláthar a Rialáil), 1994.

### Covid-19

Ní raibh súil le teacht na paindéime Covid-19 (coróinvíreas) i míonna tosaigh na bliana 2020, agus ba tharlú cinniúnach é i stair an domhain.

Ní fios go fóill cé chomh fada a mhairfidh an phaindéim. Níl aon imdhíonacht ag an gcine daonna i gcoinne an víris sin agus níl aon vacsaín ná cóireáil againn ina choinne go fóill. Rinneadh na milliúin daoine a ionfhabhtú leis ar fud an domhain agus tá na céadta mílte duine tar éis bás a fháil.

Cuireadh isteach go mór ar an ngeilleagar domhanda agus chaill na mílte milliún duine a slí bheatha, agus tá siad dífhostaithe anois. D'fhéadfadh an phaindéim dhomhanda seo a bheith ina cúis leis na cúinsí geilleagracha is measa ó tharla an Spealadh Mór.

Ghlac rialtais náisiúnta cumhachtaí éigeandála agus rinne siad bearta chun beatha agus slí bheatha a bpobail a chosaint.

Agus muid ag tabhairt tuairisc ar an mbliain 2019, tá sé amhail is a bheith ag tuairisciú ar thír agus ré eile.

### An Geilleagar Náisiúnta

D'fhás geilleagar na hÉireann thart ar 6% anuraidh, agus é á spreagadh ag méadú mór ar onnmhairí, in ainneoin easpa cinnteachta agus dúshláin a bheith ag dul i dtreise sna margaí onnmhairí. Tháinig borradh faoin éileamh intíre toisc gur mhó ná riamh an líon daoine a bhí fostaithe i ngeilleagar na hÉireann, geilleagar a bhí ag leathnú. Lean an feabhas ar chúrsaí airgeadais na tíre agus bhí barrachas beag ag an Státchiste den tríú bliain as a chéile. É sin ráite, tá an Fiachas Poiblí in aghaidh an duine ina measc siúd is airde i dtíortha na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta.

### Talmhaíocht

Tháinig laghdú 2% ar an aschur talmhaíochta comhlán €8 mbilliún ar phraghsanna do tháirgeoirí, agus ba é an phríomhchúis a bhí leis sin an laghdú 6% a tháinig ar luach an aschuir ó eallaí. Bhí an aimsir in 2019 fabhrach do gach fiontar féaraigh agus mar thoradh air sin bhí infhaighteacht féir níos fearr agus costais ionchuir níos ísle. Tháinig méadú 5% ar ioncaim feirme.

### An Earnáil Déiríochta

Ba é an bainne fós an príomhtháirge talmhaíochta. Tháinig méadú 5% ar luach an aschuir chomhláin bainne go €2.7 billiún, sin 33% den aschur comhlán talmhaíochta. Tháinig méadú breis is 5% ar na soláthairtí intíre bainne go beagnach 8 mbilliún lítear, ina raibh solaid bhainne ar an leibhéal is airde fós. Tháinig méadú 2% ar líon na mbó bainne go 1.5m, agus b'ionann sin agus 23% de líon na n-eallach go léir.

Tháinig laghdú os cionn 1c/l nó 3% ar mheánphraghas an bhainne i leith na bliana, go 32c/l. Mar gheall ar an méadú ar sholáthairtí bainne agus mar gheall ar chostais ionchuir a bheith ní b'ísle tháinig feabhas mór ar ghlan-corrlaigh in aghaidh an lítir agus in aghaidh an heicteáir i gcomparáid le drochluachanna na bliana 2018.

### Margaí Déiríochta agus Praghas an Bhainne

Déantar breis is 90% de sholáthairtí bainne na hÉireann a onnmhairiú agus díoltar 10% de na soláthairtí bainne mar bhainne óil úr agus mar tháirgí déiríochta monaraithe ar an margadh intíre.

Tháinig méadú 10% ar onnmhairí déiríochta dar luach €4.4 billiún, agus b'ionann iad agus 34% de na honnmhairí bia agus dí go léir. Tháinig méadú 13% ar onnmhairí ime dar luach €1.2 billiún agus tháinig méadú 21% ar onnmhairí cáise dar luach €1 bhilliún. Tháinig méadú 5% ar onnmhairí bia do naíonáin, púdar bainne agus táirgí déiríochta eile dar luach €2.2 billiún.



Tháinig méadú 8% ar an méid táirgí déiríochta a onnmhairíodh lena ndíol ar mhargadh an Aontais Eorpaigh (AE26) – go dtí €1.6 billiún – agus b'ionann iad agus 37% de na táirgí déiríochta go léir a díoladh. Laghdú 11% a bhí i gceist le díolacháin dar luach €0.98 billiún le margadh na Ríochta Aontaithe, sin 22% de na honnmhairí déiríochta go léir. B'ionann díolacháin dar luach €1.8 billiún le tríú tíortha agus 41% de na honnmhairí, agus méadú 30% a bhí i gceist leo.

Is minice ná riamh anois a bhíonn trédhearcacht agus inrianaitheacht sa slabhra soláthair déiríochta á n-éileamh ag tomhaltóirí bainne agus táirgí déiríochta agus ag na custaiméirí a cheannaíonn iad, agus, thairis sin, éilíonn na tomhaltóirí agus na custaiméirí dearbhuithe maidir le hinbhuanaitheacht chomhshaoil, leas ainmhithe agus cineálacha malartacha pacáistíochta do bhainne agus do tháirgí déiríochta ionas gur laghad is féidir an dochar a dhéanfar don chomhshaol de bharr pacáistíocht phlaisteach.

Tháinig laghdú ar mheánphraghas bliantúil an bhainne don táirgeoir ar sholáthairtí bainne monarchan go dtí 32.4 cent in aghaidh an lítir, gan CBL san áireamh, i gcás bainne ina raibh 3.54% próitéine agus 4.17% saill ime. Sin laghdú 1 cent in aghaidh an lítir nó 3% i gcomparáid le leibhéal na bliana 2018.

I gcás táirgeoirí cláraithe bainne, ba é meánphraghas bliantúil an bhainne i gcás soláthairtí bainne ar conradh in 2019 ná 34.8 cent in aghaidh an lítir, sin laghdú 1.4 cent in aghaidh an lítir nó 4% i gcomparáid le 2018.

Tháinig laghdú ar an difreálach bliantúil idir meánphraghas náisiúnta an bhainne leachtaigh faoi gach córas íocaíochta agus meánphraghas náisiúnta an bhainne monarchan go dtí 2.4 cent in aghaidh an lítir i gcomparáid le 2.8 cent in aghaidh an lítir in 2018.

Ós rud é gurbh amhlaidh fós in 2019 gur lú an meánmhéid próitéin agus solad saille ime a bhí sa bhainne leachtach ná mar a bhí sna soláthairtí bainne monarchan, difreálach 3.1 cent in aghaidh an lítir a bhí idir meánphraghsanna náisiúnta an bhainne leachtaigh agus an bhainne monarchan in 2019, bunaithe ar chion solad comhionann, i gcomparáid le 3.2 cent in aghaidh an lítir an bhliain roimhe sin.

I gcás 78% de na soláthairtí, bhí an creat praghsála i leith an bhainne lena phróiseáil chun óil bunaithe ar phraghsanna míosúla an bhainne monarchan, arna gcoigeartú i leith na gcomhábhar, agus praghas breise ar ráta comhréidh curtha leo i rith mhíonna an gheimhridh. Cuireadh córais phraghsála bainne ar ráta comhréidh, nach raibh coigeartaithe i leith na gcomhábhar, i bhfeidhm i gcás 22% de na soláthairtí.

Chuir an Ghníomhaireacht a himní in iúl do phróiseálaithe a bhaineann úsáid as an gcóras praghsála bainne ar ráta comhréidh, agus shonraigh sí gur díspreagadh é sin i gcás roinnt táirgeoirí cláraithe, ar féidir lena bpraghsanna ar sholáthairtí bainne leachtaigh faoina gcóras comhréidh a bheith níos ísle ná na praghsanna a fhaigheann siad ar sholáthairtí bainne monarchan i roinnt de na míonna geimhridh.

## Allmhairí Bainne

Tháinig laghdú 12%, go dtí 711 milliún lítear, ar allmhairí bulcbhainne ó Thuaisceart Éireann lena bpróiseáil sa Stát. Próiseáladh 92% de na hallmhairí sin ina dtáirgí déiríochta monaraithe agus próiseáladh 8% díobh lena n-ól. Bhí na hallmhairí bulcbhainne comhionann le 9% de na soláthairtí intíre bainne agus le 30% de sholáthairtí bainne Thuaisceart Éireann don bhliain.

Measadh gur 82 milliún lítear bainne pacáistithe a allmhairíodh ó Thuaisceart Éireann, sin méadú 10 milliún lítear nó 14% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.

## An Margadh Intíre don Bhainne Úr

Bainne úr ar ardchaighdeán, bíonn sé cothaitheach agus tairbhiúil ó thaobh na sláinte de, bíodh an té a ólann é óg nó sean. Is ilfheidhmeach an táirge é bainne agus is furasta é a fháil ó thús deireadh na bliana, rud a fhágann go bhfuil Éire ard ar liosta na dtíortha ar domhan ina n-óltar an méid is mó bainne úir in aghaidh an duine. D'ól muintir na tíre seo 118 lítear an duine ar an meán sa bhliain 2019.

Tá margadh intíre na hÉireann don bhainne úr ar an margadh tomhaltóirí is mó le haghaidh bainne agus táirgí bainne sa Stát, agus bhí luach miondíola measta €514 milliún aige in 2019.

Tháinig laghdú breis is 1% ar an tomhaltas bainne úir go dtí 578 milliún lítear, agus tháinig laghdú 1% leis ar mheánphraghas náisiúnta miondíola an bhainne úir i bpacáistí, beag beann ar thoirt an phacáiste.

Anuraidh, is sa mhargadh intíre don bhainne úr a úsáideadh breise is 5% de na soláthairtí intíre bainne, nó 8 mbilliún lítear.

Bhí sciar 75% de mhargadh bainne úir na tíre ag na soláthairtí intíre ó thairgeoirí cláraithe, agus sciar 25% den mhargadh céanna sin a bhí ag allmhairí, idir allmhairí pacáistithe agus bhulcbhainne lena phróiseáil chun óil.



Is léiriú é ar shláine agus trédhearcacht shlabhra soláthair na hÉireann don bhainne úr do thomhaltóirí agus custaiméirí go bhfuil na tairgeoirí cláraithe go léir páirteach sa *Scéim um Dhearbhú Déiríochta Inbhuanaithe* de chuid an Bhoird Bia, agus go bhfuil na próiseálaithe cláraithe go léir páirteach i Scéim *Origin Green* an Bhoird Bia.

Is treise ná riamh an iomaíocht atá ann idir bainne úr óil agus roghanna malartacha a bhíonn déanta as plandaí. In ainneoin nach bhfuil mórán de na buntáistí cothaitheacha céanna ag na táirgí malartacha sin is atá ag bainne úr, ná nach bhfuil siad chomh hinbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de is atá an bainne úr, díoltar iad ar bheagnach trí oiread an praghas miondíola a ghearrtar ar bhainne úr.

De bharr díolacháin féinlipéid na miondíoltóirí a bheith ag dul i dtreise agus iomaíocht thréan idir miondíoltóirí ó thaobh praghsanna, bhí brú láidir anuas fós ar an bhfáltas le haghaidh bainne úr ar an margadh.

## Táirgeoirí Cláraithe/Soláthairtí Cláraithe

Is sainghrúpa iad na táirgeoirí cláraithe i struchtúr táirgthe bainne na hÉireann, agus déantar conradh leo chun bainne a sholáthar lena phróiseáil chun óil ar feadh na bliana ar fad nó ar feadh mhíonna an gheimhridh amháin.

Sa bhliain bhainne 2018/19, b'ionann na tairgeoirí cláraithe a bhí faoi chonradh (a raibh 1,680 díobh ann) agus 10% de na táirgeoirí bainne go léir sa Stát agus ba iadsan a sholáthair 1,050 milliún lítear bainne, nó 13% de sholáthairtí bainne na hÉireann i leith na bliana. Tá athrú tagtha ar phatrún agus scála an tsamhail soláthair bainne i gcás táirgeoirí cláraithe: tá méadú ag teacht ar na soláthairtí bliantúla mar gheall ar an méadú séasúrach ar na soláthairtí ar bhonn breith laonna san earrach.

Ba í an bhliain anuraidh an tríú bliain ó bunaíodh an Ghníomhaireacht inar sháraigh soláthairtí bliantúla na dtáirgeoirí cláraithe le haghaidh táirgí monaraithe a gcuid soláthairtí bliantúla bainne óil: chuaigh 57% de na soláthairtí chuig na monarchana agus 43% díobh lena bpróiseáil chun óil.

Sa bhliain bhainne 2019/20, tháinig laghdú 352 táirgeoir nó 21% – go 1,328 táirgeoir cláraithe – ar líon na dtáirgeoirí cláraithe a bhí faoi chonradh, tar éis scéim athstruchtúraithe dheonach a chuir mórphróiseálaí i bhfeidhm ar a phainéal táirgeoirí le haghaidh soláthairtí óil, rud a chuidigh le táirgeoirí a bhí ag iarraidh aistriú go samhlacha soláthair monaraíochta. Chomh maith leis sin, i gcás roinnt táirgeoirí a sholáthraíonn bainne do phróiseálaithe eile, d'athraigh siad a samhail go ceann atá bunaithe ar sholáthar i gcomhair monaraíochta.

In 2018/19, soláthairtí iomlána 203 milliún lítear a bhí ag na táirgeoirí sin, agus ba sholáthairtí óil iad 71 milliún lítear den mhéid sin, cion arb ionann é agus 16% de na soláthairtí cláraithe iomlána le haghaidh óil. Tugadh cead do na táirgeoirí a bhí fós cláraithe a gcuid soláthairtí incháilithe geimhridh a mhéadú chun freastal ar riachtanais an mhargaidh.

Cé gurbh amhlaidh, leis an laghdú ar líon agus soláthairtí iomlána na dtáirgeoirí cláraithe, gur tháinig laghdú ar an lamháil sábháilteachta i leith soláthairtí iomlána na dtáirgeoirí cláraithe thar an méid a ídíodh sna cúig mhí forordaithe in 2019/20, bhí lamháil sábháilteachta nach beag (20%) fós i gceist sa mhéid soláthairtí a bhí ann de bhreis ar an méid iomlán a ídíodh.

Tá an earnáil an-chomhchruinnithe: soláthraíonn 34% de na tairgeoirí cláraithe 60% den soláthar bainne ar feadh na bliana ar fad lena phróiseáil chun óil.

## Cláir agus Conarthaí 2018/19

Sa bhliain bhainne 2018/19, cláraíodh 1,680 conradh soláthair bainne leis an nGníomhaireacht i dtaca le soláthairtí 452 milliún lítear bainne i gcomhair próiseála lena chaitheamh mar leacht. Laghdú 4% ar chonarthaí a bhí i gceist ansin agus laghdú 3% ar sholáthairtí bainne.

Ba chonarthaí Ar Feadh na Bliana ar Fad (AYR) iad 91% de na conarthaí agus 99% de na soláthairtí agus ba chonarthaí ar feadh Mhíonna an Gheimhridh Amháin iad 9% de na conarthaí agus 1% de na soláthairtí.

Sna conarthaí AYR ba é Córas Phraghas an Bhainne Monarchan móide Bónas (an Córas MMP) an príomhchóras praghsála agus cuireadh i bhfeidhm é i gcás 82% de na conarthaí agus i gcás 78% de na soláthairtí. Cuireadh Córas an Phraghais Chomhréidh (an Córas COMHRÉIDH) i bhfeidhm i gcás 18% de na conarthaí agus 22% de na soláthairtí.

Bhí soláthairtí bainne a ceannaíodh faoi chonarthaí cláraithe 4% ní b'airde ná díolacháin intíre bainne úir, agus ba mar gheall ar shocruithe idirthréimhseacha ceannacháin de bharr chomhdhlúthú an tionscail a bhí sé sin den chuid ba mhó.

Cláraíodh 12 phróiseálaí i gClár na bPróiseálaithe, lena n-áirítear próiseálaí amháin a bhí cláraithe i gcáil táirgeora freisin. Is ag trí phróiseálaí a bhí 81% de na conarthaí cláraithe agus 90% de na soláthairtí cláraithe.





## An tAthrú Aeráide/Cúrsaí Inbhuanaitheachta

Is práinneach na cúiseanna imní domhanda iad an t-athrú aeráide agus an téamh domhanda, a raibh a dtionchar le feiceáil i mbabhtaí adhaimsire ar fud an domhain. I measc na mórchúinsí as a n-eascraíonn na fadhbanna sin, tá an méadú ar an éileamh ar fhuinneamh agus teocht an domhain a bheith ag ardú, rud atá ag tarlú de bharr dó breoslaí iontaise den chuid is mó.

Sa cháipéis *Plean Gnímh don Aeráid 2019* a d'fhoilsigh an *Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil agus an Rialtas*, leagtar amach plean chun na hastaíochtaí náisiúnta carbóin a laghdú 40% faoi 2030, agus é ina sprioc na hastaíochtaí ón talmhaíocht a laghdú 15%. Is ón talmhaíocht a thagann aon trian de na hastaíochtaí carbóin, agus tagann os cionn 60% díobh siúd ó ghás meatáin a astaíonn athchogantaigh. Is lú i bhfad an tionchar fadtéarmach a bhíonn ag na gáis mheatáin sin ar an gcomhshaol ná mar a bhíonn ag na gáis ó astaíochtaí breosla iontaise.

Is samhail táirgthe bainne fhéarbhunaithe, atá éifeachtach ó thaobh carbóin de, atá ag feirmeoirí déiríochta na hÉireann, agus is acu atá an lorg carbóin is ísle i leith an bhainne i measc fheirmeoirí an Aontais Eorpaigh.

Is é an dúshlán a bheidh roimh fheirmeoirí feasta ná tionchar na talmhaíochta ar an gcomhshaol a laghdú agus an táirgeadh a mhéadú an tráth céanna. Tá deiseanna le tapú chun laghdú a dhéanamh ar an méid carbóin a úsáidtear chun bainne a tháirgeadh ar bhonn na bhforlíontaí a chuirtear le beatha ainmhithe, ar bhonn géineolaíochta, ar bhonn bainistíocht féaraigh agus ar bhonn na gcineálacha leasacháin a úsáidtear.

## An Breatimeacht

Níor tharla imeacht na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach mar a bhí beartaithe in 2019, mar gheall gur cuireadh ina choinne ar an leibhéal polaitiúil den chuid ba mhó.

D'fhormheas Parlaimint na Ríochta Aontaithe an Comhaontú um Tharraingt Siar ón Aontas Eorpach i mí Eanáir 2020, tar éis Olltoghchán a reáchtáladh i mí na Nollag 2019. Dhaingnigh Parlaimint na hEorpa an Comhaontú um Tharraingt Siar ina dhiaidh sin.

Ar an 31 Eanáir 2020, scoir an Ríocht Aontaithe de bheith ina ball den Aontas Eorpach. Bhí 47 bliain caite aici san Aontas faoin am sin. Tá tús curtha le hidirthréimhse, a rachaidh in éag ar an 31 Nollaig 2020.

Le linn na hidirthréimhse, leanfaidh an Ríocht Aontaithe ar aghaidh ag glacadh páirt i Margadh Aonair agus Aontas Custaim an Aontais Eorpaigh, bheadh sí faoi cheangal ag rialacha an Aontais agus dhéanfadh sí caibidliú an tráth céanna ar Chonradh um Chaidreamh sa Todhchaí le 27 mBallstát an Aontais mar aon le caibidliú ar chaidreamh trádála amach anseo le tríú tíortha.

Tar éis na hidirthréimhse, beidh Tuaisceart Éireann fós in aontas custaim na Ríochta Aontaithe, agus beidh sé fós in Aontas Custaim an Aontais Eorpaigh agus é faoi réir Rialacháin Mhargaidh Aonair an Aontais Eorpaigh chun saorghluaiseacht earraí idir Tuaisceart Éireann agus an Stát a éascú.

Tá sé curtha in iúl ag an Aontas Eorpach, le linn na caibidlíochta ar an gConradh um an gCaidreamh Amach Anseo, go dtacaíonn sé le síneadh suas le dhá bhliain a chur leis an idirthréimhse.

## Covid-19

Sa Stát, mar gheall ar bhearta éigeandála a rinne an Rialtas chun srian a chur le leathadh an Choróinvíris, b'éigean go leor gnólachtaí, ionaid shóisialta agus gníomhaíochtaí a dhúnadh ionas go bhféadfaí riachtanais um scaradh sóisialta a chomhlíonadh. Faoi threoirlínte nua sláinte poiblí, níl cead feidhme ach ag ospidéil agus seirbhísí riachtanacha amhail talmhaíocht agus iascach, monaraíocht bia, leictreachas, iompar, cumarsáid, bainc agus siopaí.

Ón tús, aithníodh mar phríomhthosaíocht náisiúnta an tábhacht a bhaineann le slabhraí soláthair bia a choinneáil ar bun do thomhaltóirí, agus aithníodh gur soláthraithe seirbhísí riachtanacha iad na slabhraí soláthair bainne úir agus bainne monarchan agus na siopaí a bhíonn ag plé leo.

Leis na bearta sláinteachais agus na dianphrótacail maidir le scaradh sóisialta a chuir próiseálaithe agus táirgeoirí bainne i bhfeidhm, cinntíodh nár chlis ar leanúnachas an tsoláthair ó thaobh bainne a phróiseáil, a dháileadh, a bhailiú ná a tháirgeadh le linn na tréimhse ina raibh an baol ba mhó ann, tráth a raibh buaicshéasúr táirgeachta an bhainne – ar táirge somheata é – ag teacht le buaicthréimhse an ghalair Covid-19. Éacht iontach a bhí ansin, lenar léiríodh na hardchaighdeáin sláinteachais agus chomhair ar gné iad de na slabhraí soláthair bainne, idir bhainne óil agus bhainne i gcomhair táirgí déiríochta monaraithe.

Tá dóchas agus súil againn sa tír seo go mbeidh sé ina thoradh ar na bearta coimeádta atá i bhfeidhm faoi láthair go mbrisfear slabhra scaipthe an choróinvíris agus go ngiorrófar an tréimhse ina bhfuil an geilleagar faoi dhianghlas. Beidh athrú ollmhór ar an ngeilleagar agus ar iompraíocht shóisialta, áfach.



## Súil Chun Cinn ar Earnáil na Déiríochta

Bhíothas ag súil leis go n-éireodh go geal leis na margaí déiríochta ar domhan in 2020: dhealraigh sé go mbeadh éileamh láidir ar tháirgí déiríochta, chomh maith le lagú ar fhórsaí soláthair, rud a d'ardódh praghsanna na dtáirgí déiríochta agus praghsanna an bhainne don táirgeoir, in ainneoin dhrochthionchar an Bhreatimeachta.

Mar thoradh ar Covid-19, galar nach raibh coinne ar bith leis, a raibh tionchar tubaisteach aige ar an tsochaí agus ar an ngeilleagar sa tír seo agus ar fud an domhain, agus nach eol a ré go fóill, is luaineach agus is éiginnte iad na margaí do tháirgí déiríochta agus tá laghduithe tagtha ar na praghsanna don táirgeoir.

Sa Stát, rinneadh cúiteamh éigin ar dhúnadh na hearnála seirbhíse bia do bhainne úr de bharr méadú a tháinig ar an éileamh a bhí ag tomhaltóirí ar bhainne úr sna siopaí. Is sa bhaile a bhíonn daoine ag ól bainne agus ag ithe táirgí bainne anois, áit a mbídís á n-ithe agus á n-ól lasmuigh den bhaile.

I ndiaidh Covid-19, is dócha go mbeidh athrú buan tagtha ar iompraíocht na dtomhaltóirí.

## Cúrsaí Airgeadais

In 2019, tháinig laghdú ar ioncam iomlán na Gníomhaireachta go €497,749, ó €506,526 in 2018. Tháinig laghdú €8,349, go €497,735, ar an ioncam ó thobhaigh bhainne, agus tháinig laghdú €228 ar an ioncam ón ús, go €214.

Méadú €4,742 nó 1% a bhí i gceist leis na costais oibriúcháin €540,341. Méadú €12,038 nó 3% a bhí i gceist leis na costais €378,458 i ndáil le pearsanra agus baill foirne, arb ionann iad agus 70% de na costais iomlána. B'ionann na costais riaracháin eile agus an dímheas le chéile agus €161,883, sin laghdú €7,296 nó 4%.

D'fhág farasbarr an chostais €540,341 thar ioncam €497,749 go raibh easnamh oibriúcháin €42,392 i gceist i leith na bliana, i gcomparáid le heasnamh €29,073 in 2018.

Tháinig laghdú €28,760 ar airgead tirim agus taiscí mar go ndearnadh maolú ar shreabhadh airgid oibriúcháin diúltach €36,375 tar éis infheistíochta de bharr laghdú €7,615 ar an gcaipiteal oibre.

Ag deireadh na bliana, bhí €977,811 sa Chiste Carntha, lenar cuimsíodh airgead agus taiscí dar luach €916,886, luach féichiúnaithe lúide creidiúnaithe €56,106 agus luach sócmhainní seasta €4,819.

## An Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016

Measann an Ghníomhaireacht go bhfuil sí ag cloí le cleachtais agus nósanna imeachta rialachais an Chóid thuas, faoi réir roinnt mionmhaoluithe agus faoi réir fhorálacha na nAchtanna Bainne (Soláthar a Rialáil), 1994 agus 1996.

## Comhaltaí na Gníomhaireachta – Cothromaíocht Inscne

Thug na comhaltaí ar aird an imní atá ort maidir le cothromaíocht inscne i measc chomhaltaí na Gníomhaireachta. Tá an imní chéanna sin ar na comhaltaí agus orm féin. D'iarr an Ghníomhaireacht arís ar na comhlachtaí ainmniúcháin machnamh a dhéanamh ar conas is féidir an fhadhb sin a réiteach. Tá sé i gceist ag an nGníomhaireacht breithniú agus tosaíocht níos mó a thabhairt ar cheist na cothromaíochta inscne.

## Cruinnithe

I rith na bliana, thionóil an Ghníomhaireacht sé chruinniú agus thionóil an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca dhá chruinniú. Ba é 86% cóimheas meánfhreastail na gcomhaltaí ag cruinnithe de chuid na Gníomhaireachta.

## Conclúid

Gabhann an Ghníomhaireacht buíochas leis na próiseálaithe cláraithe agus le comhlachtaí ionadaíocha na dtáirgeoirí, na bpróiseálaithe, na dtomhaltóirí, na miondíoltóirí agus na ndáileoirí, agus le hoifigigh de chuid na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara agus na nGníomhaireachtaí Stáit eile as an gcomhar eadrainn agus as an gcuidiú a thug siad dúinn i rith na bliana.

Is mian liom buíochas a ghabháil le comhaltaí na Gníomhaireachta as an meon dearfach a léiríonn siad agus an cion tairbheach a dhéanann siad maidir le feidhmiú éifeachtach na Gníomhaireachta, agus le Muiris agus a fhoireann as an obair a rinne siad i rith na bliana.

**Donncha Ó Murchú**
*Cathaoirleach*



## Cathaoirleach



Donncha Ó Murchú [2a]

## Ionadaithe na dTáirgeoirí



Donal Ó Buachalla



Aodhan Ó Cathasaigh



Lorcán Ó'Hainnaín



Liam Ó Lionnán



Padraig Ó Maolagáin [2a]

## Ionadaithe na bPróiseálaithe



Stíofán Ní Bluitt



Seán Mac Gearailt



T.S. Ó Flannagáin [2a,3]



Antaine Ó Drisceoil

## Ionadaí na nDáileoirí



Uaitear Ó Maoidomhnaigh

## Ionadaí na Miondíoltóirí



Seán Foster [1]

## Ionadaithe na dTomhaltóirí



Risteard Ó Donnchú [2b]



Micheál Mac Giolla Chaoin

[1] Cathaoirleach/Comhalta den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR) – an 8 Bealtaine 2018 go dtí an 9 Iúil 2019.

[2] Comhalta den CIR – (a) athcheaptha ar an 9 Iúil 2019, (b) ceaptha ar an 9 Iúil 2019.

[3] Cathaoirleach an CIR – ceaptha ar an 9 Iúil 2019.





## Príomhfheidhmeannach



An Dr. Muiris Ó Céidigh

## Rúnaíocht



Siobhán Uí Sheanáin



Máire Ní Siurdán

**Rúnaí:** Siobhán Uí Sheanáin

**Oifig:** Stiúideo Pháirc an Chuilinn,
Ascaill Pháirc an Chuilinn,
An Charraig Dhubh,
Co. Bhaile Átha Cliath,
A94 R6F7.

**Ríomhphost:** nma@nationalmilkagency.ie

**Láithreán gréasáin:** www.nationalmilkagency.ie

**Aturnae:** Frank Mulvey,
Osbornes Solicitors,
Teach Mhóta na Mainistreach,
Sráid na Mainistreach,
An Nás,
Co. Chill Dara.

**Baincéirí:** Banc-Aontas Éireann cpt.,
52 Sráid Bhagóid Uachtarach,
Baile Átha Cliath 4.

Banc na hÉireann,
39 Faiche Stiabhna,
Baile Átha Cliath 2.

**Iniúchóir:** Deloitte Ireland LLP,
Áras Deloitte & Touche,
Ardán Phort an Iarla,
Baile Átha Cliath 2.





# CLÁR ÁBHAIR


| | | |
|---|---|---|
| **1** | Soláthairtí Bainne | 12 |
| **2** | An Margadh Bainne Úir | 18 |
| **3** | Conarthaí Cláraithe/Praghsanna | 21 |
| **4** | Próiseálaithe | 27 |

| | | |
|---|---|---|
| **Aguisín 1:** | Tinreamh na gComhaltaí/Cruinnithe na Gníomhaireachta | 28 |
| **Aguisín 2:** | Cláir – Táirgeoirí – Conarthaí – Soláthairtí Bainne – Córais Phraghsála | 29 |
| **Aguisín 3:** | Praghsanna/Difreálaigh Bainne Bliantúla ar an Meán | 31 |
| **Aguisín 4:** | Struchtúr Sholáthairtí Bainne na dTáirgeoirí Cláraithe de réir Cineál Conartha – 2018/19 agus 2017/18 | 33 |
| **Aguisín 5:** | Tuarascálacha agus Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019 | 34 |
| **Aguisín 6:** | Comhlíonadh/Forfheidhmiú | 49 |
| **Aguisín 7:** | Reachtanna agus Ionstraimí Reachtúla a Bhaineann leis an nGníomhaireacht | 50 |



# 1. SOLÁTHAIRTÍ BAINNE



**An Dr Muiris Ó Céidigh,**
*Príomhfheidhmeannach*

## 1.1 Soláthairtí Intíre Bainne

Cuireadh 7,986 milliún lítear de sholáthairtí intíre bainne chuig uachtarlanna agus sáslaigh phaistéartha in 2019, sin méadú 401 milliún lítear nó 5% i gcomparáid le 2018.


Meastar gurbh ionann líon na dtáirgeoirí bainne sa Stát in 2019 agus 17,000, an líon céanna a bhí ann in 2018. Táirgeadh meánsoláthairtí bliantúla bainne 470,000 lítear in aghaidh an táirgeora.

Úsáideadh 95% de na soláthairtí intíre bainne chun táirgí déiríochta a mhonarú, lena n-onnmhairiú den chuid ba mhó, agus próiseáladh 5% de na soláthairtí mar bhainne óil sa mhargadh intíre.

Coinníodh leis an bpatrún ard séasúrach táirgeachta i dtaobh soláthairtí intíre bainne in 2019, bunaithe ar tháirgeadh bainne féaraigh agus breith shéasúrach laonna: soláthraíodh 78% de na soláthairtí bainne sna seacht mí ó Mhárta go Meán Fómhair agus 22% díobh sna cúig mhí ó Dheireadh Fómhair go Feabhra, agus na míonna sin san áireamh.


Tháinig méadú 498 milliún lítear nó 9% ar na soláthairtí go deireadh mhí Lúnasa, i gcomparáid leis an tréimhse chéanna in 2018. Mar gheall ar an oiread báistí a thit ó Mheán Fómhair go Nollaig 2019, tháinig laghdú 97 milliún lítear nó 5% ar sholáthairtí sa tréimhse sin agus laghdaíodh an méadú bliantúil go 401 milliún lítear nó 5%.

**FÍOR 1.1** SOLÁTHAIRTÍ INTÍRE BAINNE 2018 v 2019




Cóimheas míosúil ard/íseal 6.1/1 a bhí ann i dtaca leis an bpróifíl soláthair intíre bainne, lenar cuimsíodh cóimheas míosúil ard/íseal 8.3/1 i ndáil le soláthairtí bainne ó tháirgeoirí bainne monarchan agus 2.1/1 i ndáil le soláthairtí bainne ó tháirgeoirí bainne cláraithe.

**FÍOR 1.2** ÚSÁID NA SOLÁTHAIRTÍ INTÍRE BAINNE 2019




**TÁBLA 1.0** SÉASÚRACHT NA SOLÁTHAIRTÍ INTÍRE BAINNE (DE RÉIR EARNÁLA) – 2002-2019

| Bliain | 2019 | 2018 | 2017 | 2016 | 2015 | 2014 | 2013 | 2012 | 2011 | 2010 | 2009 | 2008 | 2007 | 2006 | 2005 | 2004 | 2003 | 2002 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Cóimheas míosúil ard/íseal | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Bainne Monarchan | 8.3 | 8.4 | 9.5 | 8.7 | 11.1[1] | 8.6 | 8.6 | 9.1 | 6.8 | 8.7 | 8.1 | 7.1 | 8.2 | 8.7 | 8.2 | 8.0 | 8.2 | 8.9 |
| Bainne Leachtach | 2.1 | 2.0 | 2.1 | 2.0 | 2.3[1] | 1.8 | 1.9 | 1.8 | 1.8 | 1.9 | 1.7 | 1.8 | 1.8 | 1.8 | 1.8 | 1.8 | 1.9 | 2.0 |
| Gach Cineál Bainne | 6.1 | 6.1 | 6.7 | 6.3 | 7.6[1] | 5.9 | 5.8 | 5.6 | 5.1 | 5.8 | 4.9 | 5.4 | 5.6 | 5.7 | 5.5 | 5.5 | 5.6 | 6.1 |


[1] Dá ndéanfaí ardluachanna agus íseal-luachanna na míonna a ríomh tar éis gur cuireadh deireadh leis an gcuóta, is éard a bheadh sna cóimheasa ná 6.6, 1.7 agus 4.8.

Foinse: An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara/An Phríomhoifig Staidrimh.





**FÍOR 1.3 SOLÁTHAIRTÍ INTÍRE, SOLÁTHAIRTÍ BAINNE MONARCHAN, SOLÁTHAIRTÍ NA dTÁIRGEOIRÍ CLÁRAITHE AGUS CAITHEAMH BAINNE ÓIL (MÍOSÚIL) 2019**




* Bainne a díoladh chun óil laistigh den Stát, lena n-áirítear allmhairí bulcbhainne agus allmhairí bainne phacáistithe.

Foinsí: An Phríomhoifig Staidrimh/An Ghníomhaireacht Náisiúnta Bainne.

## 1.2 Soláthairtí Bainne ó Tháirgeoirí Cláraithe

Ba ghrúpa suntasach táirgeoirí iad na táirgeoirí bainne cláraithe san earnáil soláthair intíre bainne in 2018/19: cuimsíodh leo 10% de na táirgeoirí bainne go léir agus sholáthair siad 13% de na soláthairtí intíre bainne.

Ní hamháin gur sholáthair siad riachtanais bhainne na tíre ar feadh na bliana ar fad ó thaobh bainne óil de ach, thairis sin, chuir siad 9% de na soláthairtí bainne monarchan ar fáil don tír.

Tháinig méadú 19 milliún lítear nó 2% ar mhéid iomlán na soláthairtí bainne ón 1,680 táirgeoir cláraithe sa Stát faoi chonarthaí Ar Feadh na Bliana ar Fad (AYR) agus faoi chonarthaí Mhíonna an Gheimhridh Amháin in 2018/19, go dtí 1,050 milliún lítear, i gcomparáid le 1,031 milliún lítear sa bhliain 2017/18.

B’ionann na soláthairtí lena bpróiseáil chun óil agus 452 milliún lítear, nó 43% de na soláthairtí go léir ó tháirgeoirí cláraithe, agus b’ionann na soláthairtí lena bpróiseáil le haghaidh táirgí déiríochta monaraithe agus 597 milliún lítear, nó 57% de na soláthairtí iomlána.

Bhí na soláthairtí bainne a ceannaíodh faoi chonarthaí cláraithe lena bpróiseáil chun óil 4% níos mó ná díolacháin bainne úir na bpróiseálaithe in 2018/19, i gcomparáid le 5% in 2017/18, agus ba é an chúis ba mhó leis sin ná na socruithe ceannacháin idirthréimhseacha a rinneadh idir próiseálaithe agus táirgeoirí i ndiaidh chomhdhlúthú an tionscail.

Sa bhliain bhainne 2019/20, tháinig laghdú 352 táirgeoir nó 21% – go 1,328 táirgeoir cláraithe – ar líon na dtáirgeoirí cláraithe a bhí faoi chonradh, tar éis scéim athstruchtúraithe dheonach a chuir mórphróiseálaí i bhfeidhm ar a phainéal táirgeoirí le haghaidh soláthairtí óil, rud a chuidigh le táirgeoirí a bhí ag iarraidh aistriú go samhlacha soláthair monaraíochta. Chomh maith leis sin, i gcás roinnt táirgeoirí a sholáthraíonn bainne do phróiseálaithe eile, d’athraigh siad a samhail go ceann atá bunaithe ar sholáthar i gcomhair monaraíochta.


In 2018/19, soláthairtí iomlána 203 milliún lítear a bhí ag na táirgeoirí sin, agus ba sholáthairtí óil iad 71 milliún lítear den mhéid sin, cion arb ionann é agus 16% de na soláthairtí cláraithe iomlána le haghaidh óil. Tugadh cead do na táirgeoirí a bhí fós cláraithe a gcuid soláthairtí incháilithe geimhridh a mhéadú chun freastal ar riachtanais an mhargaidh.

Cé gurbh amhlaidh, leis an laghdú ar líon agus soláthairtí iomlána na dtáirgeoirí cláraithe, gur laghdaíodh an lamháil sábháilteachta i leith soláthairtí iomlána na dtáirgeoirí cláraithe thar an méid a ídíodh sna cúig mhí forordaithe in 2019/20, bhí lamháil sábháilteachta nach beag (20%) fós i gceist sa mhéid soláthairtí a bhí ann de bhreis ar an méid iomlán a ídíodh.

Bhí meánsoláthairtí bliantúla 670,000 lítear ag soláthraithe cláraithe faoi chonarthaí Ar Feadh na Bliana ar Fad in 2018/19 i gcomparáid le 616,000 lítear an bhliain roimhe sin, sin méadú 9%.



**FÍOR 1.4 SOLÁTHAIRTÍ INTÍRE BAINNE 2018/19**





## 1.3 Soláthairtí Bainne Geimhridh 2019/20

I gcúig mhí fhorordaithe an gheimhridh idir Deireadh Fómhair 2019 agus Feabhra 2020, sholáthair na táirgeoirí cláraithe 295 milliún lítear san iomlán, sin laghdú 49 milliún lítear nó 14% ar na soláthairtí sa tréimhse chéanna in 2018/19, agus chuir siad clúdach soláthair 120% ar fáil de bhainne óil ar fud na tíre (lena n-áirítear allmhairí), is é sin 245 milliún lítear, nó clúdach soláthair 159% ar chaitheamh ó sholáthairtí intíre amháin. I gcomparáid leis sin, clúdaíodh 147% agus 193% faoi seach den éileamh sna míonna forordaithe in 2018/19.

I mí na Nollag 2019 agus mí Eanáir 2020, sholáthair na táirgeoirí cláraithe 116 milliún lítear san iomlán, sin laghdú 17 milliún lítear nó 13% ar na soláthairtí i leith na tréimhse céanna in 2018/19, agus chuir siad 16 milliún lítear ar fáil de bhreis ar an soláthar náisiúnta 100 milliún lítear bainne óil (lena n-áirítear allmhairí) sna míonna sin, sin clúdach soláthair 117%, agus clúdach soláthair 153% ar chaitheamh ó sholáthairtí intíre amháin. I gcomparáid leis sin, clúdaíodh 137% agus 180% faoi seach den éileamh sna míonna céanna in 2018/19.

**FÍOR 1.5 SOLÁTHAIRTÍ BAINNE IN AGHAIDH NA MÍOSA AG TÁIRGEOIRÍ CLÁRAITHE AGUS CAITHEAMH BAINNE ÓIL (NA MÍONNA FORORDAITHE DEIREADH FÓMHAIR 2019 – FEABHRA 2020)**




Foinsí: An Phríomhoifig Staidrimh/An Ghníomhaireacht Náisiúnta Bainne.

## 1.4 Allmhairí

Rinneadh 711 milliún lítear bulcbhainne a allmhairiú sa Stát anuraidh lena phróiseáil in uachtarlanna agus sáslaigh phaistéartha, sin laghdú 100 milliún lítear nó 12% i gcomparáid le 2018. Ba trasna na teorann ó Thuaisceart Éireann a tháinig na hallmhairí sin den chuid ba mhó agus bhí siad comhionann le 9% de na soláthairtí intíre agus le 30% de sholáthairtí bainne bliantúla Thuaisceart Éireann in 2019.

B'ionann allmhairí bulcbhainne 651 milliún lítear lena bpróiseáil ina dtáirgí déiríochta monaraithe sa Stát agus 92% de na hallmhairí iomlána bainne, agus b'ionann allmhairí bulcbhainne 60 milliún lítear, lena bpróiseáil chun óil sa Stát, agus 8% de na hallmhairí bulcbhainne. Laghdú 6 mhilliún lítear, nó 10%, a bhí i gceist leo i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.





### TÁBLA 1.6 ALLMHAIRÍ BULCBHAINNE MAR % DE NA SOLÁTHAIRTÍ INTÍRE BAINNE 1996-2019

| | 2019 | 2018 | 2017 | 2016 | 2015 | 2014 | 2013 | 2012 | 2011 | 2010 | 2009 | 2008 | 2007 | 2006 | 2005 | 2004 | 2003 | 2002 | 2001 | 2000 | 1996 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Milliún lítear | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Soláthairtí | 7,986 | 7,585 | 7,263 | 6,654 | 6,395 | 5,469 | 5,423 | 5,225 | 5,377 | 5,173 | 4,801 | 4,959 | 5,090 | 5,083 | 4,915 | 5,116 | 5,157 | 5,032 | 5,179 | 5,012 | 5,144 |
| Allmhairí[1] (bulcbhainne) | 711 | 811 | 803 | 813 | 594 | 511 | 411 | 406 | 356 | 388 | 427 | 464 | 473 | 566 | 550 | 377 | 349 | 278 | 209 | 304 | – |
| Allmhairí mar % | 9 | 11 | 11 | 12 | 9 | 9 | 8 | 8 | 7 | 8 | 9 | 9 | 9 | 11 | 11 | 7 | 7 | 5 | 4 | 6 | – |

[1] An Phríomhoifig Staidrimh.

Meastar gur allmhairíodh 82 milliún lítear bainne úir i bpacáistí do thomhaltóirí, sin méadú 10 milliún lítear nó 14% i gcomparáid leis an mbliain 2018.


B'ionann iomlán na n-allmhairí bainne chun óil i bpacáistí do thomhaltóirí agus i mbulc lena bpróiseáil chun óil sa Stát agus 142 milliún lítear in 2019, sin méadú 4 mhilliún lítear, nó 3%, i gcomparáid le 2018.

### TÁBLA 1.7 ALLMHAIRÍ BULCBHAINNE AGUS BAINNE PHACÁISTITHE CHUN ÓIL 1996-2019

| | 2019 | 2018 | 2017 | 2016 | 2015 | 2014 | 2013 | 2012 | 2011 | 2010 | 2009 | 2008 | 2007 | 2006 | 2005 | 2004 | 2003 | 2002 | 2001 | 2000 | 1996 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Milliún lítear | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Pacáistí do Thomhaltóirí | 82* | 72* | 70* | 80* | 94* | 93* | 89 | 86 | 86 | 84 | 78 | 59 | 50 | 46 | 40 | 38 | 41 | 26 | 24 | 23 | 0 |
| Bulcbhainne | 60 | 66 | 64 | 63 | 62 | 52 | 57 | 59 | 65 | 58 | 57 | 63 | 62 | 58 | 55 | 55 | 48 | 42 | 50 | 43 | 0 |
| Allmhairí Iomlána | 142 | 138 | 134 | 143 | 156 | 145 | 146 | 145 | 151 | 142 | 135 | 122 | 112 | 104 | 95 | 93 | 89 | 68 | 74 | 66 | 0 |

* Meastacháin de chuid na Gníomhaireachta Náisiúnta Bainne.

### FÍOR 1.8 AN SCIAR DEN MHARGADH INTÍRE BAINNE LEACHTAIGH A BHÍ AG ALLMHAIRÍ 1996-2019




Bhí sciar 75% de mhargadh bainne úir an Stáit ag na soláthairtí intíre, agus ba sciar 25% den mhargadh céanna sin a bhí ag na hallmhairí in 2019.



**TÁBLA 1.9** AN MÉID BAINNE ÓIL A CAITHEADH Ó SHOLÁTHAIRTÍ INTÍRE AGUS Ó ALLMHAIRÍ 1996-2019

| | 2019 | 2018 | 2017 | 2016 | 2015 | 2014 | 2013 | 2012 | 2011 | 2010 | 2009 | 2008 | 2007 | 2006 | 2005 | 2004 | 2003 | 2002 | 2001 | 2000 | 1996 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Milliún lítear | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Caitheamh | 578 | 579 | 581 | 590 | 601 | 576 | 565 | 563 | 578 | 567 | 568 | 578 | 577 | 568 | 559 | 556 | 571 | 563 | 564 | 553 | 536 |
| Soláthairtí Intíre | 436 | 441 | 447 | 447 | 445 | 431 | 419 | 418 | 427 | 425 | 433 | 456 | 465 | 464 | 464 | 463 | 482 | 495 | 490 | 487 | 536 |
| Allmhairí Iomlána | 142 | 138 | 134 | 143 | 156 | 145 | 146 | 145 | 151 | 142 | 135 | 122 | 112 | 104 | 95 | 93 | 89 | 68 | 74 | 66 | 0 |
| Soláthairtí Intíre mar % den Mhéid a Caitheadh | 75 | 76 | 77 | 76 | 74 | 75 | 74 | 74 | 74 | 75 | 76 | 79 | 81 | 82 | 83 | 83 | 84 | 88 | 87 | 88 | 100 |
| Allmhairí mar % den Mhéid a Caitheadh | 25 | 24 | 23 | 24 | 26 | 25 | 26 | 26 | 26 | 25 | 24 | 21 | 19 | 18 | 17 | 17 | 16 | 12 | 13 | 12 | 0 |

Foinse: An Phríomhoifig Staidrimh/An Ghníomhaireacht Náisiúnta Bainne.

Ó 1996 i leith, tá méadú tagtha ar na hallmhairí bainne úir chun óil go dtí thart ar 142 milliún lítear. Ní raibh bainne úr ar bith á allmhairiú chun óil ag tús na tréimhse sin.

Tá sciar an mhargaidh de sholáthairtí cláraithe intíre sa mhargadh bainne úir laghdaithe ó 100% in 1996 go dtí 75% in 2019, agus tá an sciar den mhargadh atá ag allmhairí méadaithe óna náid go dtí 25%.

Rinne próiseálaithe agus miondíoltóirí (monaraíochta agus bainne leachtaigh) 793 milliún lítear bulcbhainne san iomlán a allmhairiú ó Thuaisceart Éireann agus b'ionann sin agus 10% de na soláthairtí intíre bainne.

## Tuaisceart Éireann – Soláthairtí Bainne/Praghsanna Bainne

B'ionann méid na soláthairtí bainne i dTuaisceart Éireann sa bhliain 2019 agus 2,389 milliún lítear, sin méadú 44 milliún lítear nó 2% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin, agus tháinig na soláthairtí sin ó 2,586 feirmeoir déiríochta.

Bhí soláthairtí bainne na bliana ó Thuaisceart Éireann comhionann le 30% de sholáthairtí intíre bainne an Stáit.

Déantar os cionn 80% de sholáthairtí bainne bliantúla Thuaisceart Éireann a onnmhairiú mar tháirge deiridh nó mar bhainne amh.

Ón mbliain 1993 i leith, tá méadú 1,080 milliún lítear, nó 82%, tagtha ar sholáthairtí bliantúla bainne i dTuaisceart Éireann. Is méadú é ar éascaíodh dó mar gheall ar cheannach agus aistriú cuótaí bainne an Aontais Eorpaigh ón mBreatain Mhór. In 2019 rinneadh méid is ionann agus beagnach 73% den mhéadú ar na soláthairtí bainne i dTuaisceart Éireann ó 1993 a allmhairiú isteach sa Stát agus a phróiseáil ann.

**TÁBLA 1.10** SOLÁTHAIRTÍ BAINNE SA STÁT AGUS I dTUAISCEART ÉIREANN 2019

| | Poblacht na hÉireann | Tuaisceart Éireann |
|---|---|---|
| Soláthairtí Iomlána – m. lítear | 7,986 | 2,389 |
| Meánmhéid Saille Ime | 4.17% | 4.03% |
| Meánmhéid Próitéine | 3.54% | 3.29% |
| Cóimheas míosúil ard/íseal | 6.1 | 1.4 |
| Soláthraithe – líon* | 17,000 | 2,586 |
| Meánlíon soláthairtí in aghaidh an tsoláthraí – lítear | 470,000 | 924,000 |
| Líon na mbó bhainne ina mílte** | 1,521 | 311 |
| Meántoradh in aghaidh na bó – lítear** | 5,250 | 7,792 |

* Meastacháin de chuid na Gníomhaireachta Náisiúnta Bainne.
** ICBF, DAERA-NI.


Tá difríocht mhór i gcónaí sa phatrún soláthair bhliantúil bainne i dTuaisceart Éireann i gcomparáid leis an Stát. Bíonn soláthairtí bainne ar fáil ar feadh na bliana go léir le cóimheas míosúil ard/íseal in 2019 de 1.4/1 i gcomparáid le 6.1/1 sa Stát.

Ba é a bhí i meánmhéid na soláthairtí bliantúla bainne in aghaidh an tsoláthraí i dTuaisceart Éireann in 2019 ná 924,000 lítear, nó beagnach dhá oiread mheánmhéid na soláthairtí bliantúla bainne in aghaidh an tsoláthraí sa Stát, 470,000 lítear. Bhí meánchion solad na soláthairtí bainne i dTuaisceart Éireann 39 bonnphointe níos ísle ná mar a bhí amhlaidh sa Stát. Tá an meántál bainne in aghaidh na bó sa Stát ag teacht le córas táirgeachta bainne séasúrach na hearnála, atá bunaithe ar fhéarach.





**FÍOR 1.11** SOLÁTHAIRTÍ BAINNE IN AGHAIDH NA MÍOSA IN 2019 – SA STÁT AGUS I dTUAISCEART ÉIREANN




Sa bhliain 2019, ba é an glan-mheánphraghas bliantúil a íocadh le táirgeoirí i dTuaisceart Éireann as ucht soláthairtí bainne ar feadh na bliana ar fad ná 30.83 c/l, sin laghdú 1.83 c/l i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Bhí an praghas sin 1.53 c/l nó 5% ní ba lú ná meánphraghas bliantúil na soláthairtí bainne monarchan sa Stát in 2019, is é sin 32.36 c/l. Bhí sé 3.94 c/l nó 11% ní ba lú ná meánphraghas bliantúil na soláthairtí bainne lena bpróiseáil chun óil sa Stát.

**TÁBLA 1.12** SOLÁTHAIRTÍ BAINNE THUAISCEART ÉIREANN – 1993-2019

| | Soláthairtí Bainne | |
|---|---|---|
| | m. lítear | Innéacs |
| 1993 | *1,309* | *100* |
| 2002 | 1,764 | 135 |
| 2003 | 1,772 | 135 |
| 2004 | 1,776 | 136 |
| 2005 | 1,865 | 142 |
| 2006 | 1,902 | 145 |
| 2007 | 1,918 | 146 |
| 2008 | 1,902 | 145 |
| 2009 | 1,772 | 135 |
| 2010 | 1,850 | 141 |
| 2011 | 1,977 | 150 |
| 2012 | 1,995 | 151 |
| 2013 | 2,008 | 153 |
| 2014 | 2,198 | 168 |
| 2015 | 2,266 | 173 |
| 2016 | 2,198* | 168 |
| 2017 | 2,284 | 174 |
| 2018 | 2,345 | 179 |
| 2019 | 2,389 | 182 |

Foinse: DARDNI.
(* Athbhreithnithe).



# 2. AN MARGADH BAINNE ÚIR

Tá margadh bainne úir na hÉireann ar an margadh tomhaltóirí is mó le haghaidh bainne agus táirgí bainne sa Stát, agus bhí luach miondíola measta €514m aige in 2019.

Caitheadh 578 milliún lítear bainne leachtaigh úir sa tír anuraidh, sin laghdú 1 mhilliún lítear i gcomparáid le 2018. Is í Éire atá sa chéad áit ar liosta na dtíortha ar domhan ina n-óltar an méid is mó bainne úir in aghaidh an duine, agus ólaimid 118 lítear an duine ar an meán sa bhliain.

B'ionann díolacháin bainne gan bhearradh agus 62% de na díolacháin bainne úir, agus bainne beagmhéathrais agus bainne bearrtha a bhí sa 38% eile.

Bhí meánphraghsanna miondíola náisiúnta an bhainne beagmhéathrais i bpacáistí 1 lítir amháin agus an bhainne gan bhearradh i bpacáistí 2 lítear in 2019, arna dtuairisciú ag an bPhríomhoifig Staidrimh, cothrom le 103 c/l agus 168 c/2l faoi seach. Tháinig laghdú 1 c/l nó 1% ar mheánphraghas na bpacáistí 1 lítir amháin (bainne beagmhéathrais), agus tháinig laghdú 2 c/l nó 1% ar phraghas na bpacáistí 2 lítear (bainne gan bhearradh) i gcomparáid le 2018.

Díoladh thart ar 75% den bhainne úr i bpacáistí 2 lítear nó níos mó agus díoladh thart ar 25% de i bpacáistí 1 lítir amháin nó níos lú.

Ar bhonn an díolacháin sin, measann an Ghníomhaireacht Náisiúnta Bainne gurbh é an meánphraghas miondíola náisiúnta sa tír i bpacáistí de gach méid ná 89 c/l in 2019 i gcomparáid le 90 c/l in 2018, sin laghdú 1 c/l nó 1%.

Ó 1995 go dtí 2011 thug an Phríomhoifig Staidrimh tuairisc ar mheánphraghas míosúil an bhainne gan bhearradh i bpacáistí 1 lítir amháin, agus i rith na tréimhse sin d'ardaigh an praghas 34 c/l nó 44%. Ó Eanáir 2012, scoir an Phríomhoifig Staidrimh de bheith ag tuairisciú ar mheánphraghas míosúil an bhainne gan bhearradh i bpacáistí 1 lítir amháin agus thosaigh sí ag tuairisciú ar phraghas an bhainne beagmhéathrais i bpacáistí 1 lítir amháin.

I dTábla 2.0, bhain an Ghníomhaireacht leas as meánphraghas an bhainne beagmhéathrais i bpacáistí 1 lítir amháin chun an praghasinnéacs tomhaltóirí i leith an bhainne ó 2012 a aghaidh a ríomh. Tríd is tríd, is ionann an praghas a ghearrtar ar bhainne féinlipéid gan bhearradh agus bainne beagmhéathrais féinlipéid i bpacáistí 1 lítir amháin i ngrúpaí siopaí miondíola. I roinnt cásanna, áfach, d'fhéadfadh praghsanna miondíola an bhainne beagmhéathrais i bpacáistí 1 lítir a bheith níos airde ná na praghsanna miondíola a ghearrtar ar bhainne gan bhearradh i bpacáistí 1 lítir amháin.

**TÁBLA 2.0 INNÉACSANNA NA bPRAGHSANNA DO THOMHALTÓIRÍ/PRAGHSANNA BIA/ PRAGHASANNA MIONDÍOLA BAINNE/PRAGHASANNA DO THÁIRGEOIRÍ 1995-2019**

| | 2019 | 2018 | 2017 | 2016 | 2015 | 2014 | 2013 | 2012 | 2011 | 2010 | 2009 | 2008 | 2007 | 2006 | 2005 | 2004 | 2003 | 2002 | 2001 | 2000 | 1999 | 1998 | 1997 | 1996 | 1995 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| An Praghasinnéacs Tomhaltóirí | 150 | 152 | 151 | 150 | 150 | 151 | 151 | 150 | 148 | 144 | 145 | 153 | 147 | 140 | 135 | 132 | 129 | 124 | 119 | 113 | 107 | 106 | 103 | 102 | 100 |
| An Praghasinnéacs Bia | 126 | 127 | 129 | 131 | 135 | 136 | 140 | 142 | 139 | 140 | 145 | 150 | 142 | 134 | 132 | 133 | 133 | 129 | 123 | 116 | 112 | 108 | 104 | 102 | 100 |
| An Praghasinnéacs Bainne Miondíola | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| – bainne beagmhéathrais[1] | 135 | 136 | 135 | 136 | 136 | 136 | 138 | 136 | – | – | – | – | – | – | – | – | – | – | – | – | – | – | – | – | – |
| – bainne gan bhearradh[2] | – | – | – | – | – | – | – | – | 144 | 144 | 145 | 144 | 118 | 110 | 110 | 110 | 112 | 110 | 108 | 105 | 104 | 104 | 104 | 104 | 100 |
| An Praghasinnéacs Táirgeoirí[3] | 105 | 110 | 116 | 91 | 97 | 116 | 118 | 104 | 108 | 99 | 89 | 115 | 108 | 93 | 94 | 98 | 98 | 100 | 102 | 98 | 98 | 98 | 100 | 104 | 100 |

Foinsí: An Phríomhoifig Staidrimh/An Ghníomhaireacht Náisiúnta Bainne.

[1] An Phríomhoifig Staidrimh – meánphraghas náisiúnta miondíola an bhainne beagmhéathrais i bpacáistí 1 lítir amháin (Tábla 2.1) (An Phríomhoifig Staidrimh ó Eanáir 2012).

[2] An Phríomhoifig Staidrimh – meánphraghas náisiúnta miondíola an bhainne gan bhearradh i bpacáistí 1 lítir amháin (Tábla 2.1) (An Phríomhoifig Staidrimh go Nollaig 2011).

[3] An Ghníomhaireacht Náisiúnta Bainne – meánphraghas náisiúnta don táirgeoir ar sholáthairtí lena bpróiseáil chun óil (Tábla 2.1). Ní áirítear íocaíochtaí préimhe déiríochta ón Aontas Eorpach is iníoctha le faighteoirí incháilithe ó 2004 i leith.

### TÁBLA 2.1 MEÁNPHRAGHSANNA BLIANTÚLA MIONDÍOLA BAINNE – PRAGHSANNA BLIANTÚLA BAINNE DO THÁIRGEOIRÍ/SCIAR NA dTÁIRGEOIRÍ DE PHRAGHAS MIONDÍOLA AN BHAINNE 1995-2019

| | 2019 | 2018 | 2017 | 2016 | 2015 | 2014 | 2013 | 2012 | 2011 | 2010 | 2009 | 2008 | 2007 | 2006 | 2005 | 2004 | 2003 | 2002 | 2001 | 2000 | 1999 | 1998 | 1997 | 1996 | 1995 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | c/l | c/l | c/l | c/l | c/l | c/l | c/l | c/l | c/l | c/l | c/l | c/l | c/l | c/l | c/l | c/l | c/l | c/l | c/l | c/l | c/l | c/l | c/l | c/l | c/l |
| Praghsanna Miondíola | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| – bainne beagmhéathrais[1] | 103 | 104 | 104 | 105 | 105 | 105 | 106 | 105 | – | – | – | – | – | – | – | – | – | – | – | – | – | – | – | – | – |
| – bainne gan bhearradh[2] | – | – | – | – | – | – | – | – | 111 | 111 | 112 | 111 | 91 | 85 | 85 | 85 | 86 | 85 | 83 | 81 | 80 | 80 | 80 | 80 | 77 |
| Praghsanna don Táirgeoir[3] | 34.8 | 36.2 | 38.0 | 29.9 | 31.9 | 38.1 | 38.9 | 34.1 | 35.5 | 32.4 | 29.2 | 37.6 | 35.3 | 30.5 | 31.0 | 32.3 | 32.3 | 32.7 | 33.3 | 32.1 | 32.2 | 32.3 | 32.8 | 34.1 | 32.8 |
| Praghas don Táirgeoir mar % de Mhiondíol[4] | 34% | 35% | 37% | 28% | 30% | 36% | 37% | 32% | 32% | 29% | 26% | 34% | 39% | 36% | 36% | 38% | 38% | 38% | 40% | 40% | 40% | 40% | 41% | 43% | 43% |


[1] An Phríomhoifig Staidrimh – meánphraghas náisiúnta bliantúil miondíola an bhainne beagmhéathrais i bpacáistí 1 lítir amháin (is ó Eanáir 2012 amháin a thugann an Phríomhoifig Staidrimh tuairisc ar bhainne beagmhéathrais i bpacáistí 1 lítir amháin).

[2] An Phríomhoifig Staidrimh – meánphraghas náisiúnta bliantúil miondíola an bhainne gan bhearradh i bpacáistí 1 lítir amháin.

[3] An Ghníomhaireacht Náisiúnta Bainne – meánphraghas náisiúnta bliantúil don táirgeoir ar bhainne lena phróiseáil chun óil.

[4] An Ghníomhaireacht Náisiúnta Bainne – bunaithe ar mheastachán na Gníomhaireachta gurb é 89 c/l meánphraghas náisiúnta miondíola an bhainne úir i bpacáistí beag beann ar thoirt an phacáiste, bheadh praghas na dtáirgeoirí mar chéatadán den phraghas miondíola cothrom le 39% in 2019, i gcomparáid le 40% in 2018.

### FÍOR 2.2 DÍOLACHÁIN BAINNE ÚIR – PRÓIFÍL TÁIRGE 2002-2019




Foinse: An Phríomhoifig Staidrimh.

## Bealaí Dáileacháin

Tar éis suirbhé a rinneadh ar phróiseálaithe cláraithe in 2019, athraíodh na staitisticí maidir le bealaí margaidh.

Is iad na miondíoltóirí fós an príomhbhealach dáileacháin le haghaidh bainne úr, agus is iadsan a dháileann 75% den bhainne úr ar fad. Lean an borradh faoi sheirbhís bhia agus ba leis an margadh sin a díoladh 20% den bhainne. Meastar gur díoladh 5% den bhainne ar leac an dorais.




**TÁBLA 2.3 SCIAR DEN MHARGADH GRÓSAEIREACHTA – 2002-2019**

| | 2019 | 2018 | 2017 | 2016 | 2015 | 2014 | 2013 | 2012 | 2011 | 2010 | 2009 | 2008 | 2007 | 2006 | 2005 | 2004 | 2003 | 2002 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | % | % | % | % | % | % | % | % | % | % | % | % | % | % | % | % | % | % |
| Tesco | 22 | 22 | 22 | 22 | 24 | 25 | 26 | 27 | 28 | 27 | 26 | 26 | 26 | 26 | 26 | 25 | 23 | 24 |
| SuperValu | 22 | 22 | 22 | 23 | 25 | 25 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 20 | 19 | 19 | 19 |
| Dunnes | 23 | 22 | 22 | 23 | 24 | 24 | 24 | 23 | 23 | 23 | 25 | 24 | 24 | 22 | 22 | 22 | 21 | 22 |
| Lidl/Aldi | 23 | 23 | 23 | 22 | 17 | 16 | 14 | 12 | 12 | 12 | 11 | 10 | 7 | 6 | 6 | 5 | 6 | 1 |
| Superquinn | – | – | – | – | – | – | 5 | 6 | 5 | 7 | 7 | 8 | 8 | 8 | 8 | 9 | 8 | 9 |
| Centra | 4 | 4 | 4 | 4 | 4 | 4 | 4 | 4 | 4 | 2 | 2 | 2 | 2 | 3 | 2 | 3 | 3 | 3 |
| Spar | 4 | 4 | 4 | 4 | 4 | 4 | 4 | 4 | 4 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 3 | 3 | 2 |
| Cinn eile | 2 | 3 | 3 | 2 | 2 | 2 | 3 | 4 | 4 | 7 | 7 | 8 | 11 | 13 | 14 | 14 | 17 | 20 |
| Iomlán | 100 | 100 | 100 | 100 | 100 | 100 | 100 | 100 | 100 | 100 | 100 | 100 | 100 | 100 | 100 | 100 | 100 | 100 |

Foinse: RGDATA – meastachán.

**FÍOR 2.4 SCIARTHA AN MHARGAIDH**




Bhí 71% de sciar mhargadh grósaeireachta na hÉireann ag na trí ghrúpa siopaí miondíola is mó in 2019 agus bhí sciar 94% den mhargadh ag na cúig ghrúpa is mó, sin méadú 1% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.

In 2019, bhí sciar 23% den mhargadh ag miondíoltóirí ar lascaine, dream a raibh siopaí nua fós á n-oscailt acu, agus tá siadsan i measc na bpríomhbhealaí miondíola d'allmhairí bainne úir phacáistithe, cé go ndíolann siad a lán bainne pacáistithe freisin a fhaightear ó phróiseálaithe cláraithe.

I dtaca le margadh bainne úir na hÉireann, meastar go bhfuil beagnach 70% den bhainne i siopaí miondíola á dhíol anois mar bhainne féinlipéid, dar le foinsí sa tionscal.

Bhí bainne féinlipéid i bpacáistí 2 lítear á mhiondíol ar lascaine 27% ar an meán i gcomparáid le bainne brandáilte na bpróiseálaithe.





# 3. CONARTHAÍ CLÁRAITHE/PRAGHSANNA

**TÁBLA 3.0** CINEÁLACHA CONARTHAÍ

| Bliain Bhainne | Conarthaí Iomlána | Ar Feadh na Bliana ar Fad | Míonna Geimhridh |
|---|---|---|---|
| 1995/96 | 3,344 | 3,206 | 138 |
| 2000/01 | 2,837 | 2,725 | 112 |
| 2005/06 | 2,282 | 2,104 | 178 |
| 2010/11 | 1,950 | 1,790 | 160 |
| 2015/16 | 1,754 | 1,657 | 97 |
| 2016/17 | 1,808 | 1,706 | 102 |
| 2017/18 | 1,749 | 1,652 | 97 |
| 2018/19 | 1,680 | 1,532 | 148 |

Clár Conarthaí amhail an 31 Nollaig gach bliain. Coinnítear an Clár Conarthaí mar chlár oscailte.

Féadfaidh próiseálaithe agus táirgeoirí conarthaí a chlárú i leith blianta bainne aonair. Leantar de chlárú conarthaí ar feadh na bliana ar fad. Féach Aguisín 2 B i gcomhair Chlár na gConarthaí 1995/96.

- Laghdaigh líon na gconarthaí cláraithe soláthair bainne in 2018/19 go dtí 1,680, sin laghdú 69 conradh i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.
- Tháinig laghdú 120 conradh, go dtí 1,532, ar líon na gconarthaí Ar Feadh na Bliana ar Fad (AYR) agus tháinig méadú 51 conradh, go dtí 148, ar líon na gconarthaí geimhridh.
- Bhí conarthaí AYR fós ar an bpríomhchineál conartha, agus chlúdaigh siadsan 91% de na conarthaí agus 99% de na soláthairtí bainne.
- Chlúdaigh conarthaí geimhridh 9% de na conarthaí agus 1% de na soláthairtí bainne.
- Ó bunaíodh an Ghníomhaireacht tá laghdú 50% tagtha ar líon na gconarthaí cláraithe, ó 3,344 in 1995.
- Na soláthairtí bainne a ceannaíodh faoi chonarthaí cláraithe in 2018/19, bhí siad 4% ní b'airde ná na díolacháin bainne úir sa tír, i gcomparáid le difríocht 5% in 2017/18. Ba é an chúis ba mhó leis sin ná socruithe ceannaigh idirthréimhseacha a bheith déanta idir próiseálaithe agus roinnt táirgeoirí tar éis chomhdhlúthú an tionscail.

**TÁBLA 3.1** AICMIÚ NA gCONARTHAÍ CLÁRAITHE DE RÉIR CINEÁIL/SOLÁTHAIRTÍ – 2018/19 agus 2017/18

| | Conarthaí | | | | Soláthairtí Bainne | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2018/19 | | 2017/18 | | 2018/19 | | 2017/18 | |
| | Líon | % | Líon | % | m. lítear | % | m. lítear | % |
| Ar Feadh na Bliana ar Fad | 1,532 | 91 | 1,652 | 94 | 445.5 | 99 | 459.3 | 99 |
| Geimhreadh | 148 | 9 | 97 | 6 | 6.7 | 1 | 5.1 | 1 |
| **Iomlán** | **1,680** | **100** | **1,749** | **100** | **452.2** | **100** | **464.4** | **100** |




## 3.1 CÓRAIS PRAGHSÁLA CONARTHA

- Baineann próiseálaithe leas as dhá chóras praghsála bainne nuair a cheannaíonn siad bainne ó tháirgeoirí lena phróiseáil chun óil, is iad sin Córas Phraghas an Bhainne Monarchan móide Bónas (Córas MMP) agus Córas an Phraghais Chomhréidh (Córas COMHRÉIDH).
- Faoin gCóras MMP, bíonn praghas an bhainne nasctha le praghas míosúla an phróiseálaí ar bhainne monarchan, mar aon le difreálaigh phraghais i leith comhábhar, agus íoctar é sin móide íocaíochtaí bónais, idir íocaíochtaí athraitheacha agus íocaíochtaí seasta, i dtréimhsí an gheimhridh, a mhaireann idir ceithre mhí agus sé mhí. D'íoc roinnt próiseálaithe cláraithe bónais ísle mhíosúla freisin i míonna an tsamhraidh.
- Faoin gCóras COMHRÉIDH, íoctar as an mbainne ar phraghas míosúil comhréidh in aghaidh an lítir, gan aon difreálach praghais maidir le comhábhair an bhainne. Íoctar praghsanna níos airde i rith mhíonna an gheimhridh.
- I gcás dhá phróiseálaí, bhí conarthaí acu faoinar cuireadh an córas COMHRÉIDH i bhfeidhm i míonna sonracha den gheimhreadh agus an Córas MMP sna míonna eile.
- In 2018/19, cuireadh an Córas MMP i bhfeidhm i gcás 82% de na conarthaí AYR agus i gcás 78% de na soláthairtí bainne.
- Cuireadh an Córas COMHRÉIDH i bhfeidhm i gcás 18% de na conarthaí AYR agus i gcás 22% de na soláthairtí bainne.


### TÁBLA 3.2 CONARTHAÍ AR FEADH NA BLIANA AR FAD DE RÉIR CINEÁIL AGUS CÓRAS PRAGHSÁLA

| Córais Phraghsála | Conarthaí | | | | Soláthairtí Bainne | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2018/19 | | 2017/18 | | 2018/19 | | 2017/18 | |
| | Líon | % | Líon | % | m. lítear | % | m. lítear | % |
| Córas MMP | 1,261 | 82 | 1,367 | 83 | 348.3 | 78 | 359.7 | 78 |
| Córas COMHRÉIDH | 271 | 18 | 285 | 17 | 97.2 | 22 | 99.6 | 22 |
| **AYR IOMLÁN** | **1,532** | **100** | **1,652** | **100** | **445.5** | **100** | **459.3** | **100** |

### FÍOR 3.3. CÓRAIS PHRAGHSÁLA/CONARTHAÍ 2018/19





### FÍOR 3.4. CÓRAIS PHRAGHSÁLA/SOLÁTHAIRTÍ BAINNE 2018/19







## FÍOR 3.5 CONARTHAÍ AR FEADH NA BLIANA AR FAD – CÓRAIS PHRAGHSÁLA/SOLÁTHAIRTÍ 1999/00-2018/19




## TÁBLA 3.6 MEÁNPHRAGHSANNA BLIANTÚLA BAINNE A ÍOCADH FAOI CHONARTHAÍ AR FEADH NA BLIANA AR FAD – 2018/19 & 2017/18


| Córais Phraghsála | Meánphraghsanna | | Laghduithe ar Phraghsanna | Conarthaí | Soláthairtí Bainne |
|---|---|---|---|---|---|
| | 2018/19 | 2017/18 | 2018/19 | 2018/19 | 2018/19 |
| | c/lítear | c/lítear | c/lítear | líon | m. lítear |
| MMP | 35.23 | 37.12 | 1.89 | 1,261 | 348.3 |
| COMHRÉIDH | 34.51 | 35.78 | 1.27 | 271 | 97.2 |
| Conarthaí AYR | 35.08 | 36.83 | 1.75 | 1,532 | 445.5 |

Baineann na praghsanna le conarthaí AYR faoina gcuirtear an Córas MMP agus an Córas COMHRÉIDH i bhfeidhm agus is praghsanna iad atá infhála ar bhainne ar fhágáil na feirme, gan CBL san áireamh agus gach bónas caighdeáin agus bónas eile san áireamh iontu, agus sula mbaintear pionóis agus tobhaigh reachtúla astu. Déantar praghsanna a ualú de réir na dtoirteanna a cheannaítear gach mí. I gcás conarthaí faoina gcuirtear an Córas MMP i bhfeidhm, bíonn na praghsanna nasctha le praghsanna míosúla monarchan agus bónais curtha leo, idir íocaíochtaí athraitheacha agus íocaíochtaí seasta. I gcás dhá phróiseálaí, bhí conarthaí acu faoinar cuireadh an córas COMHRÉIDH i bhfeidhm i míonna sonracha den gheimhreadh agus an Córas MMP sna míonna eile.

- Ba é an meánphraghas a íocadh faoi chonarthaí an Chórais AYR MMP in 2018/19 ná 35.23 c/l, sin laghdú 1.89 c/l nó 5% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.
- Ba é an meánphraghas a íocadh faoi chonarthaí an Chórais AYR CHOMHRÉIDH in 2018/19 ná 34.51 c/l, sin laghdú 1.27 c/l nó 4% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.
- Ba é an meánphraghas a íocadh faoi gach conradh AYR in 2018/19 ná 35.08 c/l, sin laghdú 1.75 c/l nó 5% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.
- An meánphraghas bliantúil 35.23 c/l faoin gCóras MMP, bhí sé 0.72 c/l níos airde ná an meánphraghas bliantúil a íocadh faoin gCóras COMHRÉIDH i gcomparáid le 1.34 c/l an bhliain bhainne roimhe sin.
- Cheannaigh sé phróiseálaí soláthairtí faoin gCóras MMP amháin ina gcuid conarthaí.
- Cheannaigh trí phróiseálaí soláthairtí faoin gCóras COTHROM amháin ina gcuid conarthaí.
- Cheannaigh dhá phróiseálaí soláthairtí agus an Córas MMP agus an Córas COMHRÉIDH araon i bhfeidhm acu.
- Tá sceideal ina dtaispeántar meánphraghsanna bliantúla faoi chonarthaí AYR ó 1995/96 leagtha amach in Aguisín 3 (Tábla A).



**FÍOR 3.7 CONARTHAÍ AYR – MEÁNPHRAGHSANNA BLIANTÚLA MMP AGUS COMHRÉIDH 1995/96-2018/19**




Féach Aguisín 3 (Tábla A).

## 3.2 PRÍOMHCHONARTHAÍ AYR – PRAGHSANNA A ÍOCADH IN 2018/19 & 2017/18

- Seo thíos tábla ina bhfuil na meánphraghsanna bliantúla a íocadh ar bhainne faoi na hocht gconradh ba mhó, lena gclúdaítear 83% de na conarthaí AYR agus 85% de na soláthairtí bainne AYR.

**TÁBLA 3.8 CONARTHAÍ AR FEADH NA BLIANA AR FAD – MEÁNPHRAGHSANNA A ÍOCADH FAOI NA CONARTHAÍ ARDTOIRT BAINNE – 2018/19 & 2017/18**

| CONARTHAÍ AN CHÓRAIS MMP | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Cineálacha Conarthaí | Meánphraghsanna Bliantúla Móide Bónas¹ | | Meán Bliantúil na mBónas Míosúil | | Bunphraghsanna | | Athrú ar na Meánphraghsanna Bliantúla |
| | 2018/19 | 2017/18 | 2018/19 | 2017/18 | 2018/19 | 2017/18 | Laghduithe |
| | c/l | c/l | c/l | c/l | c/l | c/l | c/l |
| A1 | 35.45 | 37.57 | 3.23 | 3.41 | 32.22 | 34.16 | (2.12) |
| B1 | 35.97 | 37.64 | 4.32 | 1.61 | 31.65 | 35.60 | (1.67) |
| B2 | 34.07 | 35.94 | 4.25 | 4.32 | 29.82 | 31.62 | (1.87) |
| D | 35.40 | 37.89 | 3.87 | 3.86 | 31.53 | 34.03 | (2.49) |
| F | 35.25 | 36.82 | 3.80 | 3.86 | 31.45 | 32.96 | (1.57) |
| H | 34.08 | 37.08 | 2.76 | 2.65 | 31.32 | 34.43 | (3.00) |

| CONARTHAÍ AN CHÓRAIS CHOMHRÉIDH | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Cineálacha Conarthaí | Meánphraghsanna Bliantúla¹ | | Praghsanna Geimhridh (6 mhí) | | Praghsanna Samhraidh (6 mhí) | | Athrú ar na Meánphraghsanna Bliantúla |
| | 2018/19 | 2017/18 | 2018/19 | 2017/18 | 2018/19 | 2017/18 | Laghduithe |
| | c/l | c/l | c/l | c/l | c/l | c/l | c/l |
| D1 | 32.74 | 33.25 | 37.69 | 36.90 | 28.55 | 30.05 | (0.51) |
| J | 34.66 | 35.92 | 37.94 | 39.75 | 31.28 | 32.08 | (1.26) |

[1] Gan CBL san áireamh.





# 3.3 CONARTHAÍ GEIMHRIDH – PRAGHSANNA A ÍOCADH

### TÁBLA 3.9 CONARTHAÍ GEIMHRIDH – PRAGHSANNA/SOLÁTHAIRTÍ – 2018/19 v 2017/18

| Córais Phraghsála | Conarthaí | | Soláthairtí Bainne | | 2018/19 | 2017/18 | 2018/19 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Líon | % | m. lítear | % | Meánphraghas – Míonna an Gheimhridh c/lítear | Meánphraghas – Míonna an Gheimhridh c/lítear | Athruithe ar Mheánphraghsanna – Míonna an Gheimhridh Amháin c/l |
| Córas MMP | 125 | 84 | 4.9 | 73 | 43.44 | 47.75 | (4.31) |
| Córas COMHRÉIDH | 23 | 16 | 1.8 | 17 | 38.90 | 41.78 | (2.88) |
| Iomlán | 148 | 100 | 6.7 | 100 | 42.24 | 45.91 | (3.67) |

Faoi na conarthaí geimhridh, geallann táirgeoir bainne a sholáthar i gcomhair a phróiseála chun óil i rith roinnt de mhíonna forordaithe an gheimhridh nó iad go léir (Deireadh Fómhair go Feabhra). Clúdaíodh 6.7 milliún lítear bainne faoi na 148 Conradh Geimhridh (méadú 1.6 milliún lítear ar an mbliain roimhe sin) agus b'ionann é sin agus 9% de na conarthaí go léir agus 1% de na soláthairtí bainne.

# 3.4 GACH CONRADH – PRAGHSANNA A ÍOCADH – BLIANTA BAINNE

Ba é an meánphraghas a íocadh faoi gach conradh, idir Conarthaí Ar Feadh na Bliana ar Fad agus Conarthaí i leith Mhíonna an Gheimhridh Amháin in 2018/19 ná 35.18 c/l, laghdú 1.75 c/l nó 5% i gcomparáid leis an mbliain bhainne roimhe sin.

### TÁBLA 3.10 PRAGHSANNA A ÍOCADH FAOI GACH CONRADH AGUS GACH CÓRAS PRAGHSÁLA – 2018/19 v 2017/18

| Tréimhse | 2018/19 1,680 conradh 452 milliún lítear | 2017/18 1,749 conradh 464 milliún lítear | Athruithe (69 conradh) (12 mhilliún lítear) |
|---|---|---|---|
| | c/lítear | c/lítear | c/lítear |
| **Míonna geimhridh Deireadh Fómhair** – Márta (6) | 39.14 | 41.14 | (2.00) |
| **Míonna samhraidh Aibreán** – Meán Fómhair (6) | 30.95 | 32.31 | (1.36) |
| Meánphraghsanna Bliantúla | 35.18 | 36.93 | (1.75) |

Baineann na praghsanna le conarthaí AYR agus conarthaí Geimhridh faoina gcuirtear an Córas MMP agus an Córas COMHRÉIDH i bhfeidhm agus is praghsanna iad atá infhála ar bhainne ar fhágáil na feirme, gan CBL san áireamh agus gach bónas caighdeáin agus bónas eile san áireamh iontu, agus sula mbaintear pionóis agus tobhaigh reachtúla astu. Déantar praghsanna a ualú de réir na dtoirteanna a cheannaítear gach mí. Tá caighdeánú déanta ar na tréimhsí íocaíochta i leith gach conartha ionas gur tréimhse sé mhí atá i gceist ina ndéantar íocaíocht bhreise gheimhridh (Deireadh Fómhair go Márta) mar aon le tréimhse shamhraidh sé mhí (Aibreán go Meán Fómhair).




## 3.5 PRAGHSANNA BAINNE 2019

### MEÁNPHRAGHSANNA BLIANTÚLA AN BHAINNE LEACHTAIGH AGUS AN BHAINNE MONARCHAN IN AGHAIDH NA BLIANA 2019

- Sa bhliain féilire 2019, lena n-áirítear na chéad trí mhí den bhliain bhainne 2018/19, ba é an meánphraghas bliantúil a íocadh faoi na conarthaí cláraithe uile (conarthaí AYR agus conarthaí Geimhridh) ná 34.77 c/l. Bhí an praghas sa bhliain féilire sin 0.41 c/l ní b'ísle ná an meánphraghas bliantúil 35.18 c/l a íocadh sa bhliain bhainne 2018/19 mar gheall ar bhunphraghsanna monarchan míosúla ní b'ísle agus mar gheall ar an laghdú ar na praghsanna a d'íoc na próiseálaithe faoin gcóras COMHRÉIDH sa chéad ráithe 2019/20, i gcomparáid leis an ráithe sin in 2018/19.
- Ba é an meánphraghas a íocadh faoi gach conradh AYR in 2019 ná 34.77 c/l, sin laghdú 1.39 c/l nó 4% i gcomparáid le 2018.
- I gcás soláthairtí cláraithe a tháinig faoin gCóras MMP, ba é an meánphraghas bliantúil a íocadh in 2019 ná 34.89 c/l, laghdú 1.42 c/l i gcomparáid le 2018.
- I gcás soláthairtí cláraithe ar íocadh astu faoin gCóras COMHRÉIDH, ba é an meánphraghas bliantúil a íocadh ná 34.08 c/l, sin laghdú 1.10 c/l nó 3% i gcomparáid le 2018. Bhí an meánphraghas bliantúil COMHRÉIDH 0.81 c/l nó 2% ní b'ísle ná an meánphraghas bliantúil MMP.
- B'ionann meánphraghas bliantúil na soláthairtí bainne monarchan in 2019, gan CBL san áireamh agus tar éis táillí bailiúcháin, agus 32.36 c/l, laghdú 1.05 c/l, nó 3%, ar mheánphraghas bliantúil na soláthairtí sin in 2018, 33.41 c/l.
- Ba é an difreálach in 2019 idir an meánphraghas bliantúil don táirgeoir i gcomhair soláthairtí bainne chun óil, 34.77 c/l, agus an meánphraghas bliantúil don táirgeoir i gcomhair soláthairtí bainne monarchan, 32.36 c/l, ná 2.41 c/l, sin laghdú 0.34 c/l i gcomparáid leis an difreálach 2.75 c/l in 2018.
- Tá Sceideal ina dtaispeántar na meánphraghsanna bliantúla bainne don táirgeoir i gcomhair bainne óil agus i gcomhair soláthairtí lena bpróiseáil i gcomhair monaraíochta ó 1995 i leith leagtha amach in Aguisín 3 (Tábla B (i)).
- Bunaithe ar an gcion solad céanna tríd is tríd a bheith i soláthairtí bainne leachtaigh agus bainne monarchan in 2019, measadh gurb ionann an difreálach bliantúil idir meánphraghas an bhainne leachtaigh agus meánphraghas coigeartaithe an bhainne monarchan agus 3.06 c/l, i gcomparáid le 3.19 c/l in 2018. Aguisín 3 (Tábla B (ii)).

**FÍOR 3.11** PRAGHSANNA AN BHAINNE DON TÁIRGEOIR – MEÁIN BHLIANTÚLA – BAINNE LEACHTACH/BAINNE MONARCHAN 1995-2019







# 4. PRÓISEÁLAITHE

**TÁBLA 4.0 STRUCHTÚR NA bPRÓISEÁLAITHE CLÁRAITHE DE RÉIR CONARTHAÍ AGUS BANDAÍ SOLÁTHAIR 2018/19**

| Bandaí Soláthair Bainne | Líon na bPróiseálaithe | Conarthaí Cláraithe | | Soláthairtí Cláraithe | |
|---|---|---|---|---|---|
| m. lítear | | líon | % | m. lítear | % |
| 0 – 30 | 8 | 319 | 19 | 44.2 | 10 |
| Os cionn 30 | 4 | 1,361 | 81 | 408.0 | 90 |
| IOMLÁN | 12 | 1,680 | 100 | 452.2 | 100 |

Amhail an 31 Nollaig 2019.

- Tá struchtúr an tionscail thar a bheith comhchruinnithe. Na ceithre phróiseálaí a raibh soláthairtí bliantúla breis is 30 milliún lítear bainne acu lena bpróiseáil chun óil, ba iadsan ba bhun le 81% de na conarthaí cláraithe agus le 90% de na soláthairtí cláraithe bainne.
- Áirítear i measc an 12 phróiseálaí chláraithe próiseálaí amháin atá cláraithe mar tháirgeoir freisin.
- Bhí 13 ionad teaschóireála ceadúnaithe i dtaobh bainne a phróiseáil chun óil sa Stát amhail an 31 Nollaig 2019, agus bhí dhá cheann déag de na hionaid sin á n-oibriú ag an 12 phróiseálaí a bhí cláraithe leis an nGníomhaireacht.
- I gcás próiseálaí amháin a bhfuil gléasra á oibriú aige sa Stát ina ndéantar bainne a phróiseáil chun óil, níl sé cláraithe leis an nGníomhaireacht.
- Ba é a bhí sa mheánmhéid bliantúil soláthairtí bainne a próiseáladh in aghaidh an ionaid arna oibriú ag próiseálaithe cláraithe in 2019 ná 37.7 milliún lítear.



# AGUISÍN 1: TINREAMH NA gCOMHALTAÍ / CRUINNITHE NA GNÍOMHAIREACHTA

| Comhaltaí | Cruinnithe Cruinnithe ar Freastalaíodh Orthu in 2019 |
|---|---|
| Denis Murphy *Cathaoirleach* | 6 |
| Aidan Casey | 5 |
| William Lennon | 6 |
| Padraig Mulligan | 6 |
| Dan Buckley | 4 |
| Larry Hannon | 5 |
| T.J. Flanagan | 5 |
| Tony O'Driscoll | 6 |
| John Fitzgerald | 5 |
| Stephen Blewitt | 4 |
| Walter Maloney | 6 |
| John Foster | 3 |
| Richard Donohue | 6 |
| Michael Kilcoyne | 5 |

Thionóil an Ghníomhaireacht sé chruinniú i rith na bliana agus d'fhreastail 86% de na comhaltaí orthu.

Tionóladh dhá chruinniú den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca.

Bhí dhá chruinniú ag an gCathaoirleach agus an Príomhfheidhmeannach le hoifigigh ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus thug siad an fhaisnéis is déanaí dóibh maidir le rialú an tsoláthair bainne a phróiseáiltear chun óil, agus maidir le forbairtí in earnáil an bhainne leachtaigh.

Bíonn teagmháil rialta ag an nGníomhaireacht, trína feidhmeannas, le hionadaithe as Teagasc, ón gComhairle Náisiúnta Déiríochta, ón gCumann Náisiúnta Déiríochta, ó Fheirmeoirí Aontaithe na hÉireann, agus le grúpaí agus le heagraíochtaí eile.

Ba é an tUasal Larry Hannon ainmní na Gníomhaireachta ar Bhord na Comhairle Náisiúnta Déiríochta in 2019.

Tá sé i gceist ag an nGníomhaireacht breithniú agus tosaíocht níos mó a thabhairt ar cheist na cothromaíochta inscne.





# AGUISÍN 2: CLÁIR – TÁIRGEOIRÍ – CONARTHAÍ – SOLÁTHAIRTÍ BAINNE – CÓRAIS PHRAGHSÁLA

## A CLÁR NA dTÁIRGEOIRÍ

| Blianta Bainne | Táirgeoirí Nua | Tairgeoirí a Baineadh den Chlár | Táirgeoirí Nua |
|---|---|---|---|
| 1995/96 | 3,360 | 2 | 2,472 |
| 1996/97 | 3,344 | 57 | 41 |
| 1997/98 | 3,300 | 142 | 98 |
| 1998/99 | 3,181 | 129 | 10 |
| 1999/00 | 3,209 | 66 | 94 |
| 2000/01 | 3,359 | 25 | 175 |
| 2001/02 | 3,093 | 282 | 16 |
| 2002/03 | 3,133 | 58 | 98 |
| 2003/04 | 2,716 | 486 | 69 |
| 2004/05 | 2,575 | 194 | 53 |
| 2005/06 | 2,492 | 141 | 58 |
| 2006/07 | 2,520 | 12 | 40 |
| 2007/08 | 2,371 | 161 | 12 |
| 2008/09 | 2,357 | 69 | 55 |
| 2009/10 | 2,367 | 84 | 94 |
| 2010/11 | 2,352 | 87 | 72 |
| 2011/12 | 2,034 | 339 | 21 |
| 2012/13 | 2,044 | 10 | 20 |
| 2013/14 | 2,039 | 32 | 27 |
| 2014/15 | 1,982 | 86 | 28 |
| 2015/16 | 1,841 | 178 | 37 |
| 2016/17 | 1,901 | 64 | 120 |
| 2017/18 | 1,830 | 88 | 17 |
| 2018/19 | 1,811 | 28 | 9 |

Clár na dTáirgeoirí amhail an 31 Nollaig gach bliain.

Fágtar táirgeoirí ar an gClár go dtí go gcuirtear an Ghníomhaireacht ar an eolas go bhfuil táirgeoirí scortha go buan de bheith ag soláthar bainne lena phróiseáil chun óil. I gcás roinnt táirgeoirí nach bhfuil conarthaí cláraithe acu, fágtar ar an gClár iad go dtí go bhfaighfear an fógra sin.

## B CLÁR NA gCONARTHAÍ – CINEÁLACHA

| Blianta Bainne | Conarthaí Iomlána | Ar Feadh na Bliana ar Fad | Míonna Geimhridh |
|---|---|---|---|
| 1995/96 | 3,344 | 3,206 | 138 |
| 1996/97 | 3,284 | 3,151 | 133 |
| 1997/98 | 2,908 | 2,783 | 125 |
| 1998/99 | 2,833 | 2,709 | 124 |
| 1999/00 | 2,762 | 2,642 | 120 |
| 2000/01 | 2,837 | 2,725 | 112 |
| 2001/02 | 2,720 | 2,620 | 100 |
| 2002/03 | 2,736 | 2,583 | 153 |
| 2003/04 | 2,656 | 2,510 | 146 |
| 2004/05 | 2,336 | 2,199 | 137 |
| 2005/06 | 2,282 | 2,104 | 178 |
| 2006/07 | 2,079 | 1,908 | 171 |
| 2007/08 | 2,008 | 1,861 | 147 |
| 2008/09 | 1,992 | 1,849 | 143 |
| 2009/10 | 1,995 | 1,862 | 133 |
| 2010/11 | 1,950 | 1,790 | 160 |
| 2011/12 | 1,936 | 1,824 | 112 |
| 2012/13 | 1,883 | 1,769 | 114 |
| 2013/14 | 1,867 | 1,759 | 108 |
| 2014/15 | 1,725 | 1,623 | 102 |
| 2015/16 | 1,754 | 1,657 | 97 |
| 2016/17 | 1,808 | 1,706 | 102 |
| 2017/18 | 1,749 | 1,652 | 97 |
| 2018/19 | 1,680 | 1,532 | 148 |

Clár Conarthaí amhail an 31 Nollaig gach bliain. Coinnítear an Clár Conarthaí mar chlár oscailte. Féadfaidh Próiseálaithe agus Táirgeoirí conarthaí a chlárú i dtaca le blianta bainne aonair. Leantar de chlárú conarthaí ar feadh na bliana ar fad.



## C SOLÁTHAIRTÍ CLÁRAITHE BAINNE – CINEÁLACHA CONARTHA

| Blianta Bainne | Iomlán | Ar Feadh na Bliana ar Fad | Míonna an Gheimhridh Amháin |
|---|---|---|---|
| | m. lítear | m. lítear | m. lítear |
| 1995/96 | 497.3 | 488.4 | 8.9 |
| 1996/97 | 474.6 | 467.3 | 7.3 |
| 1997/98 | 434.6 | 427.3 | 7.3 |
| 1998/99 | 433.2 | 426.4 | 6.8 |
| 1999/00 | 436.9 | 428.7 | 8.2 |
| 2000/01 | 452.6 | 446.1 | 6.5 |
| 2001/02 | 458.7 | 451.6 | 7.1 |
| 2002/03 | 468.1 | 458.0 | 10.1 |
| 2003/04 | 465.5 | 457.4 | 8.1 |
| 2004/05 | 425.7 | 416.3 | 9.4 |
| 2005/06 | 438.7 | 427.4 | 11.3 |
| 2006/07 | 432.3 | 423.1 | 9.2 |
| 2007/08 | 454.8 | 446.3 | 8.5 |
| 2008/09 | 447.8 | 438.2 | 9.6 |
| 2009/10 | 435.6 | 427.5 | 8.1 |
| 2010/11 | 444.2 | 433.8 | 10.4 |
| 2011/12 | 435.0 | 428.5 | 6.5 |
| 2012/13 | 455.1 | 449.0 | 6.1 |
| 2013/14 | 475.4 | 469.2 | 6.2 |
| 2014/15 | 460.9 | 455.1 | 5.8 |
| 2015/16 | 483.8 | 477.9 | 5.9 |
| 2016/17 | 486.0 | 479.5 | 6.5 |
| 2017/18 | 464.4 | 459.3 | 5.1 |
| 2018/19 | 452.2 | 445.5 | 6.7 |

## D CONARTHAÍ AR FEADH NA BLIANA AR FAD – CÓRAIS PHRAGHSÁLA

| Blianta Bainne | Conarthaí | Córais Phraghsála | | % MMP | % COMHRÉIDH |
|---|---|---|---|---|---|
| | | MMP | COMH-RÉIDH | | |
| 1995/96 | 3,206 | 471 | 2,735 | 15 | 85 |
| 1996/97 | 3,151 | 455 | 2,696 | 14 | 86 |
| 1997/98 | 2,783 | 373 | 2,410 | 13 | 87 |
| 1998/99 | 2,708 | 418 | 2,290 | 15 | 85 |
| 1999/00 | 2,642 | 373 | 2,269 | 14 | 86 |
| 2000/01 | 2,725 | 350 | 2,375 | 13 | 87 |
| 2001/02 | 2,620 | 338 | 2,282 | 13 | 87 |
| 2002/03 | 2,583 | 344 | 2,239 | 13 | 87 |
| 2003/04 | 2,510 | 435 | 2,075 | 17 | 83 |
| 2004/05 | 2,199 | 513 | 1,686 | 23 | 77 |
| 2005/06 | 2,104 | 515 | 1,589 | 24 | 76 |
| 2006/07 | 1,908 | 460 | 1,448 | 24 | 76 |
| 2007/08 | 1,861 | 475 | 1,386 | 25 | 75 |
| 2008/09 | 1,849 | 479 | 1,370 | 26 | 74 |
| 2009/10 | 1,862 | 549 | 1,313 | 30 | 70 |
| 2010/11 | 1,790 | 526 | 1,264 | 29 | 71 |
| 2011/12 | 1,824 | 1,499 | 325 | 82 | 18 |
| 2012/13 | 1,769 | 1,524 | 245 | 86 | 14 |
| 2013/14 | 1,759 | 1,503 | 256 | 85 | 15 |
| 2014/15 | 1,623 | 1,384 | 239 | 85 | 15 |
| 2015/16 | 1,657 | 1,427 | 230 | 86 | 14 |
| 2016/17 | 1,706 | 1,410 | 296 | 83 | 17 |
| 2017/18 | 1,652 | 1,367 | 285 | 83 | 17 |
| 2018/19 | 1,532 | 1,261 | 271 | 82 | 18 |

## E CONARTHAÍ AR FEADH NA BLIANA AR FAD – SOLÁTHAIRTÍ AGUS CÓRAIS PHRAGHSÁLA

| Blianta Bainne | Soláthairtí | Córais Phraghsála | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | MMP | COMHRÉIDH | MMP | COMHRÉIDH |
| | m. lítear | m. lítear | m. lítear | % | % |
| 1995/96 | 488.4 | 44.8 | 443.6 | 9 | 91 |
| 1996/97 | 467.3 | 72.7 | 394.5 | 15 | 85 |
| 1997/98 | 427.3 | 62.3 | 365.0 | 15 | 85 |
| 1998/99 | 426.4 | 76.4 | 350.0 | 18 | 82 |
| 1999/00 | 428.7 | 75.0 | 353.7 | 17 | 83 |
| 2000/01 | 446.1 | 62.5 | 383.6 | 14 | 86 |
| 2001/02 | 451.6 | 62.1 | 389.5 | 14 | 86 |
| 2002/03 | 458.0 | 61.6 | 396.4 | 13 | 87 |
| 2003/04 | 457.4 | 73.1 | 384.3 | 16 | 84 |
| 2004/05 | 416.3 | 116.3 | 300.0 | 28 | 72 |
| 2005/06 | 427.4 | 126.4 | 301.0 | 30 | 70 |
| 2006/07 | 423.1 | 136.8 | 286.3 | 32 | 68 |
| 2007/08 | 446.3 | 139.9 | 306.4 | 31 | 69 |
| 2008/09 | 438.2 | 126.9 | 311.3 | 29 | 71 |
| 2009/10 | 427.5 | 114.9 | 312.6 | 27 | 73 |
| 2010/11 | 433.8 | 130.8 | 303.0 | 30 | 70 |
| 2011/12 | 428.5 | 346.0 | 82.5 | 81 | 19 |
| 2012/13 | 449.0 | 389.5 | 59.5 | 87 | 13 |
| 2013/14 | 469.2 | 394.3 | 74.9 | 84 | 16 |
| 2014/15 | 455.1 | 386.7 | 68.4 | 85 | 15 |
| 2015/16 | 477.9 | 383.3 | 94.6 | 80 | 20 |
| 2016/17 | 479.5 | 375.9 | 103.6 | 78 | 22 |
| 2017/18 | 459.3 | 359.7 | 99.6 | 78 | 22 |
| 2018/19 | 445.5 | 348.3 | 97.2 | 78 | 22 |





# AGUISÍN 3: PRAGHSANNA/DIFREÁLAIGH BHLIANTÚLA BAINNE AR AN MEÁN

### TÁBLA A CONARTHAÍ AR FEADH NA BLIANA AR FAD – BLIANTA BAINNE 1995/96 GO 2018/19 – MEÁNPHRAGHSANNA BLIANTÚLA/CÓRAS MMP/CÓRAS COMHRÉIDH/DIFEARÁLAIGH

| Blianta Bainne | Meánphraghsanna | Meánphraghsanna MMP | Meánphraghsanna COMHRÉIDH | Praghas MMP v Praghas COMHRÉIDH |
|---|---|---|---|---|
| | c/l | c/l | c/l | c/l |
| 1995/96 | N/A | 32.30 | 33.77 | (1.47) |
| 1996/97 | N/A | 32.28 | 33.46 | (1.18) |
| 1997/98 | 32.50 | 31.67 | 32.65 | (0.98) |
| 1998/99 | 32.19 | 30.64 | 32.65 | (2.01) |
| 1999/00 | 32.15 | 30.73 | 32.43 | (1.70) |
| 2000/01 | 32.93 | 32.36 | 33.01 | (0.65) |
| 2001/02 | 32.92 | 31.42 | 33.11 | (1.69) |
| 2002/03 | 32.28 | 31.13 | 32.56 | (1.43) |
| 2003/04 | 32.25 | 31.32 | 32.38 | (1.06) |
| 2004/05 | 31.30 | 30.11 | 31.74 | (1.63) |
| 2005/06 | 30.56 | 29.12 | 31.12 | (2.00) |
| 2006/07 | 32.11 | 31.85 | 32.25 | (0.40) |
| 2007/08 | 38.84 | 37.60 | 39.38 | (1.78) |
| 2008/09 | 30.24 | 27.45 | 31.35 | (3.90) |
| 2009/10 | 31.84 | 30.96 | 32.15 | (1.19) |
| 2010/11 | 34.68 | 35.35 | 34.37 | 0.98 |
| 2011/12 | 33.94 | 34.25 | 32.66 | 1.59 |
| 2012/13 | 37.42 | 37.44 | 37.19 | 0.25 |
| 2013/14 | 39.35 | 39.56 | 38.21 | 1.35 |
| 2014/15 | 32.79 | 33.04 | 31.38 | 1.66 |
| 2015/16 | 28.84 | 29.26 | 27.12 | 2.14 |
| 2016/17 | 36.50 | 36.88 | 35.12 | 1.76 |
| 2017/18 | 36.83 | 37.12 | 35.78 | 1.34 |
| 2018/19 | 35.08 | 35.23 | 34.51 | 0.72 |



## TÁBLA B (i) NA CONARTHAÍ GO LÉIR – PRAGHSANNA AN BHAINNE DON TÁIRGEOIR 1995-2019 – MEANPHRAGHSANNA BLIANTÚLA – PRAGHAS AN BHAINNE LEACHTAIGH/MONARCHAN – DIFREÁLAIGH

| Blianta Féilire | Praghsanna – Bainne Leachtach[1] | Praghsanna – Bainne Monarchan[1] | Difreálach sa Phraghas |
|---|---|---|---|
| | c/l | c/l | c/l |
| 1995 | 32.84 | 29.32 | 3.52 |
| 1996 | 34.07 | 29.26 | 4.81 |
| 1997 | 32.85 | 26.85 | 6.00 |
| 1998 | 32.31 | 28.37 | 3.94 |
| 1999 | 32.20 | 27.51 | 4.69 |
| 2000 | 32.09 | 28.21 | 3.88 |
| 2001 | 33.26 | 29.31 | 3.95 |
| 2002 | 32.70 | 27.06 | 5.64 |
| 2003 | 32.26 | 26.79 | 5.47 |
| 2004 | 32.26 | 26.84 | 5.42 |
| 2005 | 31.00 | 26.29 | 4.71 |
| 2006 | 30.51 | 25.36 | 5.15 |
| 2007 | 35.28 | 32.54 | 2.74 |
| 2008 | 37.58 | 32.24 | 5.34 |
| 2009 | 29.17 | 22.49 | 6.68 |
| 2010 | 32.44 | 29.62 | 2.82 |
| 2011 | 35.51 | 34.10 | 1.41 |
| 2012 | 34.10 | 31.15 | 2.95 |
| 2013 | 38.87 | 38.07 | 0.80 |
| 2014 | 38.15 | 36.92 | 1.23 |
| 2015 | 31.88 | 28.95 | 2.93 |
| 2016 | 29.87 | 26.49 | 3.38 |
| 2017 | 38.00 | 35.39 | 2.61 |
| 2018 | 36.16 | 33.41 | 2.75 |
| 2019 | 34.77 | 32.36 | 2.41 |

Foinsí: An Ghníomhaireacht Náisiúnta Bainne/An Phríomh-Oifig Staidrimh.

[1] Praghsanna gan CBL san áireamh, roimh thobhaigh agus tar éis táillí bailiúcháin a ghearradh.

## TÁBLA B (ii) NA CONARTHAÍ GO LÉIR – PRAGHSANNA AN BHAINNE DON TÁIRGEOIR 2013-2019 – MEANPHRAGHSANNA BLIANTÚLA – PRAGHAS AN BHAINNE LEACHTAIGH/MONARCHAN – DIFREÁLAIGH

| Blianta Féilire | Praghsanna – Bainne Leachtach[1] | Praghsanna – Bainne Monarchan[1] | Difreálach sa Phraghas |
|---|---|---|---|
| 2013 | 38.87 | 37.67[2] | 1.20[2] |
| 2014 | 38.15 | 36.51[2] | 1.64[2] |
| 2015 | 31.88 | 28.27[2] | 3.61[2] |
| 2016 | 29.87 | 25.87[2] | 4.00[2] |
| 2017 | 38.00 | 34.63[2] | 3.37[2] |
| 2018 | 36.16 | 32.97[2] | 3.19[2] |
| 2019 | 34.77 | 31.71[2] | 3.06[2] |

Foinsí: An Ghníomhaireacht Náisiúnta Bainne/An Phríomh-Oifig Staidrimh.

[1] Praghsanna gan CBL san áireamh, roimh thobhaigh agus tar éis táillí bailiúcháin a ghearradh.

[2] Coigeartaithe i leith choibhéis an mheánchion saille ime agus próitéine mar chéatadáin.





# AGUISÍN 4: STRUCHTÚR SHOLÁTHAIRTÍ BAINNE NA dTÁIRGEOIRÍ CLÁRAITHE DE RÉIR CINEÁL CONARTHA – 2018/19 & 2017/18

## CONARTHAÍ AR FEADH NA BLIANA AR FAD

| Bandaí Soláthair Bhliantúil | Conarthaí Cláraithe | | Soláthairtí Iomlána | | Soláthairtí chun Óil | | Soláthairtí Monaraíochta | | Meánsoláthairtí Chun Óil | | *% de na Táirgeoirí Cláraithe* | | *% de na Soláthairtí Iomlána* | | *% de na Soláthairtí Leachtacha* | | *Soláthairtí Leachtacha mar % de Sholáthairtí Iomlán* | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Lítear | líon | | m. lítear | | m. lítear | | m. lítear | | '000 lítear | | | | | | | | | |
| | 2018/19 | 2017/18 | 2018/19 | 2017/18 | 2018/19 | 2017/18 | 2018/19 | 2017/18 | 2018/19 | 2017/18 | 2018/19 | 2017/18 | 2018/19 | 2017/18 | 2018/19 | 2017/18 | 2018/19 | 2017/18 |
| <50,000 | 25 | 55 | 0.3 | 0.5 | 0.2 | 0.3 | 0.1 | 0.2 | 8 | 5 | 2 | 3 | 0 | 0 | 0 | 0 | 64 | 60 |
| 50,000-99,999 | 14 | 25 | 1.0 | 2.1 | 0.5 | 1.1 | 0.5 | 1.0 | 36 | 44 | 1 | 2 | 0 | 0 | 0 | 0 | 50 | 52 |
| 100,000-149,999 | 50 | 53 | 6.4 | 6.7 | 2.8 | 3.0 | 3.6 | 3.7 | 56 | 57 | 3 | 3 | 1 | 1 | 1 | 1 | 44 | 45 |
| 150,000-199,999 | 56 | 66 | 10.1 | 11.6 | 4.5 | 5.8 | 5.6 | 5.8 | 81 | 88 | 4 | 4 | 1 | 1 | 1 | 1 | 45 | 50 |
| 200,000-249,999 | 66 | 94 | 14.9 | 21.1 | 7.2 | 10.6 | 7.7 | 10.4 | 109 | 113 | 4 | 6 | 1 | 2 | 1 | 2 | 48 | 50 |
| 250,000-299,999 | 88 | 95 | 24.2 | 26.4 | 9.9 | 11.5 | 14.3 | 14.9 | 113 | 121 | 6 | 6 | 2 | 3 | 2 | 3 | 41 | 44 |
| 300,000-349,999 | 73 | 116 | 23.8 | 37.7 | 10.8 | 18.3 | 13.0 | 19.4 | 148 | 158 | 5 | 6 | 3 | 4 | 3 | 4 | 45 | 49 |
| 350,000-399,999 | 100 | 108 | 37.5 | 40.5 | 17.5 | 18.8 | 20.0 | 21.7 | 175 | 174 | 7 | 7 | 4 | 4 | 4 | 4 | 47 | 46 |
| 400,000-449,999 | 99 | 121 | 42.0 | 51.7 | 17.0 | 22.7 | 25.0 | 29.0 | 182 | 188 | 6 | 7 | 4 | 5 | 4 | 5 | 41 | 44 |
| 450,000-499,999 | 106 | 92 | 50.5 | 44.1 | 21.9 | 18.2 | 28.6 | 25.9 | 206 | 198 | 7 | 6 | 5 | 4 | 5 | 4 | 44 | 41 |
| 500,000-599,999 | 172 | 190 | 94.4 | 104.1 | 37.2 | 47.9 | 57.2 | 56.2 | 216 | 252 | 11 | 11 | 9 | 10 | 9 | 10 | 40 | 46 |
| 600,000-699,999 | 158 | 144 | 102.1 | 92.8 | 46.8 | 42.2 | 55.3 | 50.6 | 296 | 293 | 10 | 9 | 10 | 9 | 10 | 10 | 46 | 45 |
| Os cionn 700,000 | 525 | 493 | 620.0 | 578.3 | 269.0 | 258.9 | 351.0 | 319.4 | 512 | 525 | 34 | 30 | 60 | 57 | 60 | 56 | 44 | 45 |
| **IOMLÁN** | 1,532 | 1,652 | 1,027.2 | 1017.6 | 445.3 | 459.3 | 581.9 | 558.2 | 290 | 278 | 100 | 100 | 100 | 100 | 100 | 100 | 43 | 45 |
| **CONARTHAÍ I LEITH MHÍONNA AN GHEIMHRIDH AMHÁIN** | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| **IOMLÁN** | 148 | 97 | 22.4 | 13.8 | 6.9 | 5.1 | 15.5 | 8.7 | | | | | | | | | | |
| **NA CONARTHAÍ GO LÉIR** | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| **IOMLÁN** | 1,680 | 1,749 | 1,049.6 | 1,031.3 | 452.2 | 464.4 | 597.4 | 566.9 | | | | | | | | | | |

Foinse: An Ghníomhaireacht Náisiúnta Bainne.
Figiúirí slánaithe.



# AGUISÍN 5: Tuarascálacha agus Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019

## Ráiteas Ar Fhreagrachtaí na gComhaltaí

Faoi Acht an Bhainne (Soláthar a Rialáil), 1994, ceanglaítear ar na comhaltaí ráitis airgeadais a ullmhú i leith gach tréimhse airgeadais, ina dtugtar léargas fíorcheart ar staid ghnóthaí na Gníomhaireachta Náisiúnta Bainne agus ar bharrachas nó easnamh na Gníomhaireachta i leith na tréimhse sin. Tá sé roghnaithe ag na comhaltaí na ráitis airgeadais a ullmhú de réir FRS102 A*n Caighdeán Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann* ('creat tuairiscithe airgeadais iomchuí'). Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar na comhaltaí:

- beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú le haghaidh ráitis airgeadais na Gníomhaireachta agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ansin;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- a lua cibé ar ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasaíochta is infheidhme, na caighdeáin sin a aithint, agus a thabhairt ar aird éifeacht agus cúiseanna aon imeachta ábhartha ó na caighdeáin sin; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé míchuí a ghlacadh leis go leanfaidh an Ghníomhaireacht i mbun gnó.

Dé réir an Achta, tá na comhaltaí freagrach as leabhair chuntais iomchuí a choimeád agus leabhair agus taifid eile a choimeád de réir mar is gá chun léargas fíorcheart a thabhairt ar ghnó agus ar ghnóthaí na Gníomhaireachta. Tá na comhaltaí freagrach freisin as sócmhainní na Gníomhaireachta a choinneáil slán agus dá réir sin as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun cosaint leordhóthanach a thabhairt chuige sin.

Tá na comhaltaí freagrach as cothabháil agus ionracas na faisnéise corparáidí agus airgeadais atá ar láithreán gréasáin na Gníomhaireachta chomh maith.





# Ráiteas faoi Rialú Inmheánach

## Raon Feidhme na Freagrachta

Aithníonn an Ghníomhaireacht an fhreagracht atá uirthi a áirithiú go gcoimeádtar agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh. Glactar san áireamh leis an bhfreagracht sin na ceanglais atá leagtha síos sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) (‘Cód na bliana 2016’).

## Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh ceaptha chun riosca a bhainistiú ar leibhéal inghlactha seachas fáil réidh leis ar fad. Dá bhrí sin, ní féidir leis an gcóras ach cinnteacht réasúnach, agus ní cinnteacht iomlán, a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifead go cuí agus go seachnaítear earráidí nó bearta mírialta ábhartha nó go n-aimsítear go tráthúil iad.

Cuireadh i bhfeidhm an córas rialaithe inmheánaigh, a thagann leis an treoir atá sa Chód Rialachais 2016, sa Ghníomhaireacht i leith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2019 agus go dtí an dáta ar ar ceadaíodh na ráitis airgeadais.

## An Cumas i dtaobh Riosca a Láimhseáil

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR) ag an nGníomhaireacht atá comhdhéanta de cheathrar comhaltaí Boird, a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúchóireachta cuí acu mar ghrúpa. Thionóil an CIR dhá chruinniú in 2019.

D’fhostaigh an Ghníomhaireacht seirbhísí iniúchóra inmheánaigh, a leanann clár oibre a aontaítear leis an CIR.

Tá beartas bainistíochta riosca forbartha ag an CIR ina leagtar amach an fonn riosca atá air agus na próisis bainistíochta riosca atá i bhfeidhm, agus ina sonraítear róil agus freagrachtaí na foirne maidir le riosca. Eisíodh an beartas don fhoireann ar fad, agus bítear ag súil leis go mbeidh siadsan ag cloí le beartais bainistíochta riosca na Gníomhaireachta, go gcuirfidh siad an lucht bainistíochta ar an eolas faoi rioscaí agus laigí rialaithe atá ag teacht chun cinn agus go nglacfaidh siad freagracht as rioscaí agus rialuithe laistigh dá gcuid réimsí oibre féin.

## Creat Riosca agus Rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an nGníomhaireacht, faoina n-aithnítear agus a dtugtar tuairisc ar phríomhrioscaí agus na bearta bainistíochta atá le glacadh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus iad a mhaolú a mhéid is féidir.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm ina n-aithnítear na príomhrioscaí atá roimh an nGníomhaireacht. Rinneadh na rioscaí sin a aithint, a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déanann an CIR athbhreithniú agus nuashonrú ar an gclár rioscaí ag gach cruinniú. Úsáidtear toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh ar mhaithe le féachaint chuige go ndéanfar bainistiú ar rioscaí sa chaoi is go mbeidh siad ar leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na bearta is gá chun rioscaí a mhaolú. Tá an fhreagracht as feidhmiú na rialuithe leagtha ar bhaill foirne ar leith. Tá timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na gnéithe seo a leanas:

- tá doiciméadú déanta ar na nósanna imeachta i leith na bpríomhphróiseas gnó go léir
- tá freagrachtaí airgeadais sannta ar leibhéal an lucht bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- tá córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil i bhfeidhm atá á choinneáil faoi athbhreithniú ag an lucht ardbhainistíochta
- tá córais i bhfeidhm atá dírithe ar shlándáil na gcóras faisnéise agus na gcóras teicneolaíochta cumarsáide a áirithiú
- tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint



## Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus ar easnaimh rialaithe agus cuireadh in iúl iad dóibh siúd atá freagrach as beart ceartaitheach a dhéanamh, don lucht bainistíochta, don CIR agus don Bhord, nuair ba chuí, ar bhealach tráthúil. Tá na córais monatóireachta leanúnaí seo a leanas i bhfeidhm:

- aithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh a aithnítear a thuairisciú,
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ag ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais, agus
- déanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithniú rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus tuarascálacha bliantúla faoi fheidhmíocht agus faoi chúrsaí airgeadais i gcoinne buiséad/réamhmheastachán.

## Soláthar

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag an nGníomhaireacht chun féachaint chuige go bhfuil na rialacha agus treoirlínte soláthair atá i bhfeidhm faoi láthair á gcomhlíonadh. Chomhlíon an Ghníomhaireacht na rialacha agus na treoirlínte sin go léir in 2019.

## Athbhreithniú Bliantúil ar Éifeachtacht

Rinne an Ghníomhaireacht athbhreithniú ar éifeachtacht an Chórais Rialaithe Inmheánaigh don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019.

## Saincheisteanna maidir leis an Rialú Inmheánach

Níor aithníodh aon laigí sa rialú inmheánach in 2019 ar ghá iad a nochtadh sna ráitis airgeadais.

## Comhlíonadh Chód Rialachais na Bliana 2016

Faoi réir fhorálacha na nAchtanna Bainne (Soláthar a Rialáil), 1994 go 1996 ('na hAchtanna'), measann an Ghníomhaireacht go bhfuil sí ag cloí le cleachtais agus nósanna imeachta rialachais Chód na bliana 2016 seachas an maolú seo a leanas, ar iarr sí é agus ar deonaíodh di é:

1. Coiste Iniúchóireachta agus Riosca
    a) In ionad an cheanglais maidir le tuarascáil bhliantúil fhoirmiúil i scríbhinn chuig na comhaltaí, cuireann an Coiste tuarascáil fhoirmiúil faoi bhráid na gcomhaltaí ina ndéantar achoimre ar a chonclúidí i leith na hoibre a rinne sé i rith na bliana chun tacú le tabhairt i gcrích na Ráiteas Airgeadais bliantúil.
    b) Tá an ceanglas maidir le 4 chruinniú ar a laghad a thionól in aghaidh na bliana laghdaithe go dtí 2 chruinniú in aghaidh na bliana mar aon le cruinnithe breise más gá.
2. Ní bheidh feidhm ag an gceanglas gur cheart do chomhaltaí cruinnithe a fhágáil nuair a thagann coinbhleachtaí leasa i gceist (mar a bhíonn amhlaidh i gcás conarthaí soláthair bainne). Ní mór cruinnithe a reáchtáil mar a shonraítear i dTreoirlínte Oibre na Gníomhaireachta.
3. Is féidir an Plean Straitéise Cúig Bliana a chur in oiriúint do riachtanais na Gníomhaireachta.

| **Donncha Ó Murchú** | **T.S. Ó Flannagáin** |
|---|---|
| *Cathaoirleach* | *Comhalta* |

**24 Márta 2020**





# Tuarascáil na nIniúchóirí Neamhspleácha chuig Comhaltaí na Gníomhaireachta Náisiúnta Bainne

Tuarascáil ar an iniúchadh ar na ráitis airgeadais

## Tuairim ar Ráitis Airgeadais na Gníomhaireachta Náisiúnta Bainne ('an Ghníomhaireacht')

Is é ár dtuairim é maidir leis na ráitis airgeadais:

- go dtugtar léargas fíorcheart iontu ar shócmhainní, ar dhliteanas agus ar staid airgeadais na Gníomhaireachta amhail an 31 Nollaig 2019 agus ar an easnamh don bhliain airgeadais dar chríoch ar an dáta sin; agus
- gur ullmhaíodh iad go cuí de réir an chreata tuairiscithe airgeadais iomchuí.

Is iad na ráitis airgeadais atá iniúchta againn ná:

- an Ráiteas um Ioncam agus Ciste Carntha;
- an Clár Comhardaithe;
- an Ráiteas ar Shreabhadh an Airgid; agus
- na nótaí 1 go 13 a ghabhann leo, lena n-áirítear achoimre ar na príomhbheartais chuntasaíochta mar a leagtar amach i nóta 1.

Is é an creat tuairiscithe airgeadais iomchuí a cuireadh i bhfeidhm agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú ná FRS102, An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann ('an creat tuairiscithe airgeadais iomchuí').

## Bunús leis an Tuairim

Rinneamar ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht (Éire) agus de réir an dlí is infheidhme. Déantar cur síos ar na freagrachtaí atá orainn faoi na caighdeáin sin thíos sa rannán '*Na freagrachtaí atá ar na hiniúchóirí as an iniúchadh ar na ráitis airgeadais*' den tuarascáil uainn.

Táimid neamhspleách ar an nGníomhaireacht de réir na gceanglas eitice is ábhartha maidir lenár n-iniúchadh ar na ráitis airgeadais in Éirinn, lena n-áirítear an Caighdeán Eitice a d'eisigh Údarás Maoirseachta Iniúchóireachta agus Cuntasaíochta na hÉireann, agus chomhlíonamar na freagrachtaí eitice eile atá orainn de réir na gceanglas sin. Creidimid gur leordhóthanach agus gur cuí í an fhianaise iniúchóireachta atá faighte againn chun bunús a chur faoin tuairim uainn.

## Conclúidí a bhaineann le Gnóthas Leantach

Níl rud ar bith le tuairisciú againn i dtaobh na nithe seo a leanas a gceanglaítear orainn, faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht (Éire), tuairisc a thabhairt daoibh ina leith más rud é:

- nach cuí do na comhaltaí é leas a bhaint as bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú; nó
- nár nocht na comhaltaí sna ráitis airgeadais aon ábhar neamhchinnteachta ábhartha a aithníodh a d'fhéadfadh amhras suntasach a chothú faoi chumas na Gníomhaireachta leanúint de bhonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh a ghlacadh ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad ón dáta ar ar údaraíodh na ráitis airgeadais lena n-eisiúint.



## Faisnéis Eile

Tá na comhaltaí freagrach as an bhfaisnéis eile. Cuimsítear san fhaisnéis eile an Ráiteas ar Fhreagrachtaí na gComhaltaí agus an Ráiteas faoi Rialú Inmheánach a áirítear sa Tuarascáil agus sna Ráitis Airgeadais. Ní chuimsítear an fhaisnéis eile sa tuairim uainn ar na ráitis airgeadais agus ní chuirimid in iúl aon chineál conclúide dearbhaithe ina taobh.

Maidir lenár n-iniúchadh ar na ráitis airgeadais, is é an fhreagracht atá orainn an fhaisnéis eile a léamh agus, á dhéanamh sin dúinn, a bhreithniú an bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuaireamar le linn an iniúchta, nó an ndealraíonn sé go ndearnadh míráiteas ábhartha ina taobh ar shlí eile. Más rud é go n-aithnímid neamhréireacht ábhartha den sórt sin nó ráitis a ndealraíonn sé gur míráitis ábhartha iad, ceanglaítear orainn a chinneadh an bhfuil míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais nó an ndearnadh míráiteas ábhartha i leith na faisnéise eile. Más rud é, ar bhonn na hoibre a rinneamar, go gcinnimid go ndearnadh míráiteas ábhartha i leith na faisnéise eile sin, ní mór dúinn an méid sin a thuairisciú.

Níl aon ní le tuairisciú againn ina leith sin.

## Na Freagrachtaí atá ar na Comhaltaí

Mar a dtugtar míniú níos iomláine air sa Ráiteas maidir leis na Freagrachtaí atá ar na Comhaltaí, is iad na comhaltaí atá freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais ina dtugtar léargas fíorcheart, agus as cibé rialú inmheánach a chinnfidh na comhaltaí is gá ionas gur féidir ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé de bharr calaoise nó de bharr earráide.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, tá na comhaltaí freagrach as measúnú a dhéanamh ar chumas na Gníomhaireachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach, as nochtadh a dhéanamh, mar is infheidhme, ar nithe a bhaineann le gnóthas leantach agus as bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh a úsáid mura bhfuil sé i gceist ag na comhaltaí an Ghníomhaireacht a leachtú ná deireadh a chur leis na hoibríochtaí, nó nach bhfuil aon rogha réalaíoch acu ach é sin a dhéanamh.

## Na Freagrachtaí atá ar na hIniúchóirí as an Iniúchadh ar na Ráitis Airgeadais

Is iad na cuspóirí atá againn dearbhú réasúnta a fháil maidir le cibé an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé de bharr calaoise nó de bharr earráide, agus tuarascáil iniúchóra a eisiúint ina bhfuil an tuairim uainn. Is ardleibhéal dearbhaithe é dearbhú réasúnta, ach ní thugtar ráthaíocht leis go n-aimseofar i gcónaí in iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht (Éire) míráiteas ábhartha más ann dó. Is féidir go n-eascródh míráitis as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, astu féin nó le chéile, go bhféadfaí a bheith ag súil go réasúnach leis go mbeadh tionchar acu ar chinntí geilleagracha na n-úsáideoirí arna nglacadh ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht (Éire), déanaimid breithiúnas gairmiúil a fheidhmiú agus cothaímid sceipteachas gairmiúil ar feadh an iniúchta. Déanaimid an méid seo a leanas freisin:

- Déanaimid na rioscaí i dtaobh míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, cibé acu de bharr calaoise nó earráide, a aithint agus a mheasúnú, déanaimid nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh agus a fheidhmiú lena dtugtar aghaidh ar na rioscaí sin, agus faighimid fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt don tuairim uainn. Is airde an baol nach ndéanfar míráiteas ábhartha de bharr calaoise a bhrath ná míráiteas ábhartha de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon turas, mífhaisnéis, nó sárú an rialaithe inmheánaigh a bheith i gceist le calaois.
- Tagaimid ar thuiscint ar an rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh a oireann do na himthosca, ach ní chun críocha tuairim a chur in iúl ar a éifeachtaí is atá rialú inmheánach na Gníomhaireachta.
- Déanaimid measúnú ar a oiriúnaí is atá na beartais chuntasaíochta a d'úsáid na comhaltaí agus ar réasúnacht na meastachán cuntasaíochta agus an nochta ghaolmhair a rinne siad.





- Tugaimid breith ar a oiriúnaí is a bhí sé ag na comhaltaí leas a bhaint as bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas, cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil ábhar neamhchinnteachta ábhartha ann a bhaineann le teagmhais nó dálaí a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar an gcumas atá ag an nGníomhaireacht leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leanúnach. Má chinnimid go bhfuil neamhchinnteacht ábhartha i gceist, ní mór dúinn aird a dhíriú sa tuarascáil iniúchóra uainn ar an nochtadh gaolmhar sna ráitis airgeadais nó, mura leor an nochtadh sin, an tuairim uainn a mhodhnú. Tá ár gcuid conclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas suas go dtí dáta thuarascáil an iniúchóra. Mar sin féin, d'fhéadfadh teagmhais nó dálaí sa todhchaí a bheith ina gcúis leis go scoirfidh an t-eintiteas d'fheidhmiú mar ghnóthas leantach.
- Déanaimid meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear an nochtadh, agus cibé an léirítear nó nach léirítear go cothrom sna ráitis airgeadais na hidirbhearta agus na teagmhais bhunúsacha.

Téimid i dteagmháil leis na daoine a bhfuil cúram rialachais orthu maidir le, i measc eile, raon feidhme agus amchlár beartaithe an iniúchta agus torthaí suntasacha ón iniúchadh, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a aithníonn an t-iniúchóir le linn an iniúchta.

Tá an tuarascáil seo á cur faoi bhráid chomhaltaí na Gníomhaireachta, mar chomhlacht, agus faoina mbráid siúd amháin, de réir na litreach lenar fostaíodh muid. Chuireamar an obair iniúchóireachta i gcrích ionas gur féidir linn na nithe sin a shonrú do chomhaltaí na Gníomhaireachta a mbítear ag súil leis go sonróimid dóibh iad i dtuarascáil iniúchóra, agus chun na críche sin amháin. A mhéid is féidir de réir an dlí, ní ghlacaimid freagracht do dhuine ar bith seachas an Ghníomhaireacht agus comhaltaí na Gníomhaireachta mar chomhlacht as an obair iniúchóireachta a rinneamar, as an tuarascáil seo, ná as na tuairimí ar thángamar orthu.

## Nithe nach mór dúinn Tuairisc a thabhairt ina dtaobh ar Bhonn Eisceachta

Faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) ('an Cód Cleachtais'), tá sé de cheangal orainn tuairisciú duit más rud é nach dtugtar léiriú ar chomhlíonadh alt 1.9(iv) den Chód Cleachtais ag an nGníomhaireacht sa ráiteas maidir le córas an rialaithe inmheánaigh airgeadais a cheanglaítear a sholáthar faoin gCód Cleachtais sin, mar atá san áireamh sa Ráiteas faoi Rialú Inmheánach, nó más rud é go bhfuil sé ar neamhréir leis an bhfaisnéis atá ar eolas againn ón iniúchadh a rinneamar ar na ráitis airgeadais. Níl aon ní le tuairisciú againn i ndáil leis sin.

**Brian Murphy**
*Ar son agus thar ceann*
*Deloitte Ireland LLP,*
*Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúchóireachta Reachtúla,*
*Áras Deloitte & Touche,*
*Ardán Phort an Iarla,*
*Baile Átha Cliath 2*

**26 Márta 2020**



## An Ráiteas um Ioncam agus Ciste Carntha
Don Bhliain dar Chríoch an 31 Nollaig 2019

| | Nótaí | 2019<br>€ | 2018<br>€ |
|---|---|---|---|
| **IONCAM** | | | |
| Tobhach bainne – oibríochtaí leanúnacha | *3* | **497,735** | 506,084 |
| Ús ar thaiscí | | **214** | 442 |
| | | **497,949** | 506,526 |
| **CAITEACHAS** | | | |
| Tuarastail agus aoisliúntas | *4* | **343,054** | 334,819 |
| Costais riaracháin | *5* | **189,283** | 193,657 |
| Dímheas | | **8,004** | 7,123 |
| **CAITEACHAS IOMLÁN** | | **540,341** | 535,599 |
| **EASNAMH ROIMH CHÁNACHAS** | | **(42,392)** | (29,073) |
| Cánachas | *6* | **–** | – |
| **EASNAMH DON BHLIAIN AIRGEADAIS TAR ÉIS CÁNACHAIS** | | **(42,392)** | (29,073) |
| Ciste Carntha ag tús na bliana tuairiscithe | | **1,020,203** | 1,049,276 |
| Ciste Carntha ag deireadh na bliana tuairiscithe | | **977,811** | 1,020,203 |





# An Clár Comhardaithe
## Amhail an 31 Nollaig 2019

| | Nótaí | 2019 € | 2018 € |
|---|---|---|---|
| **SÓCMHAINNÍ SEASTA** | | | |
| Sócmhainní inláimhsithe | 7 | **4,819** | 10,836 |
| | | | |
| **SÓCMHAINNÍ REATHA** | | | |
| Féichiúnaithe | 8 | **77,415** | 106,980 |
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | | **916,886** | 945,646 |
| | | **994,301** | 1,052,626 |
| **DLITEANAIS REATHA** | | | |
| **CREIDIÚNAITHE** (Suimeanna dlite laistigh d'aon bhliain amháin) | 9 | **(21,309)** | (43,259) |
| | | | |
| **GLANSÓCMHAINNÍ REATHA** | | **972,992** | 1,009,367 |
| | | | |
| **GLANSÓCMHAINNÍ** | | **977,811** | 1,020,203 |
| | | | |
| **ARNA nIONADÚ AG:** | | | |
| Ciste Carntha | | **977,811** | 1,020,203 |

Cheadaigh na Comhaltaí na ráitis airgeadais ar an 24 Márta 2020.

**Donncha Ó Murchú**
*Cathaoirleach*

**T.S. Ó Flannagáin**
*Comhalta*



# An Ráiteas ar Shreabhadh an Airgid
## Don Bhliain dar Chríoch an 31 Nollaig 2019

| | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | *Nótaí* | **€** | € |
| **Glansreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | *13* | **(26,987)** | (10,474) |
| | | | |
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | | |
| Ús ar thaiscí | | **214** | 442 |
| Ceannach sócmhainní seasta inláimhsithe | | **(1,987)** | (3,766) |
| | | | |
| **Glansreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | **(1,773)** | (3,324) |
| | | | |
| **Laghdú glan ar airgead agus coibhéisí airgid** | | **(28,760)** | (13,798) |
| | | | |
| Airgead agus coibhéisí airgid ag tús na bliana airgeadais | | **945,646** | 959,444 |
| | | | |
| **Airgead agus coibhéisí airgid ag deireadh na bliana airgeadais** | | **916,886** | 945,646 |
| | | | |
| **Réiteach le hairgead agus coibhéisí airgid** | | | |
| Cuntas reatha | | **65,952** | 45,296 |
| Cuntas taisce | | **850,934** | 900,350 |
| | | **916,886** | 945,646 |





# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais
Don Bhliain dar Chríoch an 31 Nollaig 2019

## 1. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

Tugtar achoimre thíos ar na beartais shuntasacha chuntasaíochta a ghlac an Ghníomhaireacht. Cuireadh iad go léir i bhfeidhm go comhsheasmhach i rith na bliana airgeadais agus i leith na bliana airgeadais roimhe sin.

### Faisnéis Ghinearálta agus Bonn na Cuntasaíochta

Bunaíodh an Ghníomhaireacht Náisiúnta Bainne faoi Acht an Bhainne (Soláthar a Rialáil), 1994 chun an soláthar bainne óil a rialáil ar fud an Stáit. Cuimsítear sa Ghníomhaireacht cathaoirleach agus 13 chomhalta a dhéanann ionadaíocht ar leasanna táirgeoirí, próiseálaithe, dáileoirí, miondíoltóirí agus tomhaltóirí bainne. Tá an Ghníomhaireacht á maoiniú ag an tionscal trí thobhaigh ar bhainne a cheannaítear lena phróiseáil chun óil. Is é Stiúideo Pháirc an Chuilinn, Ascaill Pháirc an Chuilinn, An Charraig Dhubh, Co. Bhaile Átha Cliath an oifig chláraithe.

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil agus de réir an Chaighdeáin um Thuairisciú Airgeadais 102 (FRS 102) arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais.

### Gnóthas Leantach

Tá gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta Náisiúnta Bainne, mar aon le tosca ar dóigh go mbeidh tionchar acu ar a forbairt, a feidhmíocht agus a seasamh sa todhchaí, leagtha amach sna ráitis airgeadais. Íocann an Ghníomhaireacht a cuid riachtanas laethúil i dtaobh caipiteal oibre trína cúlchistí airgid. Tá ionchas réasúnach ag comhaltaí an bhoird go mbeidh acmhainní leordhóthanacha ag an nGníomhaireacht chun leanúint i mbun gnó oibríochtúil go ceann i bhfad. Mar sin, tá siad ag cloí leis an mbonn gnóthais leantaigh cuntasaíochta agus na ráitis airgeadais bhliantúla á n-ullmhú acu.

### Ioncam

Faightear ioncam ó thobhach 0.115 cent in aghaidh an lítir bainne a cheannaítear chun óil agus tá sé iníoctha ag próiseálaithe bainne faoi Alt 8 d’Acht an Bhainne (Soláthar a Rialáil), 1994. An tobhach bainne infhála atá áirithe sna ráitis airgeadais, tá sé bunaithe ar thuairisceáin ó phróiseálaithe nó ar a gcuid soláthairtí bainne measta i gcás nach bhfuarthas aon tuairisceán.

### Ioncam Infheistíochta

Déantar an tIoncam Infheistíochta a thaifeadadh ar bhonn infhála.

### Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

Luaitear Sócmhainní Seasta Inláimhsithe ar a gcostas lúide dímheas carntha.

### Dímheas

Déantar an dímheas a ríomh d’fhonn costas na sócmhainní seasta inláimhsithe a dhíscríobh thar thréimhse a saoil úsáidigh thuartha mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Troscán | 10 mbliana |
| Trealamh oifige | 5 bliana |
| Trealamh ríomhaireachta | 3 bliana |



### Scéim Aoisliúntais Fhoireann na Gníomhaireachta Náisiúnta Bainne 2010

Cheadaigh an tAire Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia Scéim Aoisliúntais Fhoireann na Gníomhaireachta Náisiúnta Bainne 2010 le toiliú an Aire Airgeadais ar an 30 Samhain 2010. Tá an Scéim leagtha amach in I.R. Uimh. 588 de 2010.

Tá sé deimhnithe ag an Roinn Airgeadais don Ghníomhaireacht go n-íocfaidh an Státchiste as gach sochar aoisliúntais do na fostaithe inphinsin (lena n-áirítear an Príomhfheidhmeannach) de chuid na Gníomhaireachta, agus i ndáil leo. Dheimhnigh an Roinn Airgeadais nach sáróidh ráta ranníocaíochta an fhostóra 162/3%. Ina theannta sin, dheimhnigh an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara gurb amhlaidh, faoi réir na híocaíochta ón nGníomhaireacht leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara i leith na ranníocaíochtaí fostóra agus fostaí go léir a bailíodh go dtí seo agus a bhaileofar amach anseo, go mbeidh an Roinn freagrach as teidlíochtaí aoisliúntais bhaill na Scéime beartaithe a íoc i leith a mballraíochta sa Scéim sin agus sa Scéim Pinsin a bhíodh i bhfeidhm ag Bord Bainne Cheantar Bhaile Átha Cliath.

Faoi FRS 102 ceadaítear go dtabharfaí cuntas ar scéimeanna sochar sainithe (pleananna stáit) amhail is gur scéimeanna ranníocaíochta sainithe iad gan aon cheanglas luach cóir shócmhainní agus dliteanais na scéime a chur san áireamh ná dliteanais na scéime a nochtadh. Dá réir sin, measann an Ghníomhaireacht Náisiúnta Bainne gurb amhlaidh, toisc go mbeidh an éifeacht chéanna ó thaobh airgid ag an socrú sin is a bheadh ag scéim ranníocaíochtaí sainithe, nach gá aon nochtadh breise a dhéanamh faoi FRS 102.

Is ionann an costas pinsin agus na ranníocaíochtaí atá iníoctha ag an nGníomhaireacht agus cuirtear iad de mhuirear ar an Ráiteas um Ioncam agus Ciste Carntha de réir mar a thabhaítear iad.

### Léasanna Oibriúcháin

Cuirtear cíosanna faoi léasanna oibriúcháin de mhuirear ar an Ráiteas um Ioncam agus Ciste Carntha de réir mar a thabhaítear iad.

### Cánachas

Tá an Ghníomhaireacht áirithe mar chomhlacht díolmhaithe faoin Ordú fán Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 (Leasú ar Sceideal 4), 2002, le héifeacht ón 30 Nollaig 1994. Faoi Alt 227 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, áfach, níl ús taisce a eascraíonn i dtaca le comhlachtaí stát-urraithe neamhthráchtála sainithe, lena n-áirítear an Ghníomhaireacht Náisiúnta Bainne, i dteideal díolúine a fháil ó cháin choinneála ar ús taisce.

### Ionstraimí Airgeadais

Aithnítear sócmhainní airgeadais agus dliteanais airgeadais mar ioncam tráth a thagann an Ghníomhaireacht chun bheith ina páirtí i bhforálacha conarthacha na hionstraime. Déantar dliteanais airgeadais a aicmiú de réir shubstaint na socruithe conarthacha arna ndéanamh.

*Sócmhainní agus dliteanais airgeadais*

Déantar gach sócmhainn agus dliteanas airgeadais a thomhas ar dtús ar phraghas an idirbhirt (lena n-áirítear costais an idirbhirt), ach amháin i gcás na sócmhainní airgeadais atá aicmithe ar a luach cóir trí bhrabús nó caillteanas, a ndéantar iad a thomhas ar dtús ar a luach cóir (praghas an idirbhirt lúide costais an idirbhirt, de ghnáth), mura rud é gur idirbheart maoinithe is ea an socrú. Más rud é gur idirbheart maoinithe is ea an socrú, déantar an tsócmhainn airgeadais nó an dliteanas airgeadais a thomhas ar dtús ar luach láithreach na n-íocaíochtaí sa todhchaí arna lascainiú ar ráta úis an mhargaidh i ndáil le hionstraim den chineál céanna.

Ní dhéantar sócmhainní agus dliteanais airgeadais a fhritháireamh sa chlár comhardaithe ach amháin sa chás inarb ann do cheart is infheidhmithe le dlí i dtaobh na méideanna a aithnítear a fhritháireamh, agus ina bhfuil sé beartaithe ag an nGníomhaireacht iad a shocrú ar bhonn glan, nó an tsócmhainn a réadú agus an dliteanas a shocrú an tráth céanna.





Déantar sócmhainní airgeadais a dhí-aithint a) nuair a théann na cearta conarthacha i leith na sreafaí airgid ón tsócmhainn airgeadais in éag nó nuair a shocraítear iad, nó b) nuair a aistríonn an Ghníomhaireacht chuig páirtí eile beagnach gach ceann de na rioscaí agus na sochair a bhaineann le húinéireacht na sócmhainne airgeadais, nó c) nuair a d'aistrigh an Ghníomhaireacht rialú na sócmhainne chuig páirtí eile, cé gur choinnigh sí roinnt de na rioscaí agus sochair shuntasacha a bhain le húinéireacht na sócmhainne, ach nár choinnigh sí iad go léir. Is sna cásanna sin amháin a dhéantar iad a dhí-aithint.

Ní dhéantar dliteanais airgeadais a dhí-aithint ach amháin nuair a dhéantar an oibleagáid a shonraítear sa chonradh a urscaoileadh nó a chur ar ceal nó nuair a rachaidh sí in éag.

## 2. BREITHIÚNAIS CHUNTASAÍOCHTA RÍTHÁBHACHTACHA AGUS PRÍOMHFHOINSÍ ÉIGINNTEACHTA I dTAOBH MEASTACHÁIN

Agus beartais chuntasaíochta na Gníomhaireachta, a bhfuil cur síos orthu i nóta 1, á gcur i bhfeidhm, ceanglaítear ar na comhaltaí breithiúnais, meastacháin agus boinn tuisceana, nach bhfuil iontach soiléir ó fhoinsí eile, a dhéanamh faoi shuimeanna glanluacha sócmhainní agus dliteanas. Bíonn na meastacháin agus na boinn tuisceana is bonn leo bunaithe ar thaithí stairiúil agus ar thosca eile a mheastar a bheith ábhartha. D'fhéadfadh na torthaí iarbhír a bheith difriúil ó na meastacháin sin. Déantar athbhreithniú leanúnach ar na meastacháin agus ar a mboinn tuisceana. Aithnítear athbhreithnithe ar mheastacháin chuntasaíochta sa tréimhse ina ndéantar an meastachán a athbhreithniú más rud é gur sa tréimhse sin amháin a bhíonn tionchar ag an athbhreithniú, nó i dtréimhse an athbhreithnithe agus tréimhsí ina diaidh sin má bhíonn tionchar ag an athbhreithniú ar an tréimhse reatha agus tréimhsí sa todhchaí araon.

Áirítear sna beartais chuntasaíochta agus sna nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais eolas faoi bhreithiúnais ríthábhachtacha i dtaobh chur i bhfeidhm na mbeartas cuntasaíochta a bhfuil an tionchar is suntasaí acu ar na méideanna a aithníodh sna ráitis airgeadais.

## 3. AN TOBHACH BAINNE

Bíonn tobhach 0.115 cent in aghaidh an lítir bainne a cheannaítear lena phróiseáil chun óil iníoctha ag próiseálaithe bainne faoi Alt 8 d'Acht an Bhainne (Soláthar a Rialáil), 1994.

An tobhach bainne infhála atá áirithe sna ráitis airgeadais, tá sé bunaithe ar thuairisceáin ó phróiseálaithe nó ar a gcuid soláthairtí bainne measta i gcás nach bhfuarthas aon tuairisceán.

## 4. FOSTAITHE AGUS LUACH SAOTHAIR

| | **2019** | 2018 |
|---|---|---|
| | **Líon** | Líon |
| **Meánlíon na bhfostaithe:** | | |
| Foireann | **5** | 5 |

| | **2019** | 2018 |
|---|---|---|
| | **€** | € |
| Tuarastail | **275,400** | 269,498 |
| Costais leasa shóisialaigh | **21,761** | 20,120 |
| Ranníocaíochtaí aoisliúntais an fhostóra | **45,893** | 45,201 |
| | **343,054** | 334,819 |



### Luach Saothair a íocadh le Daoine Tábhachtacha den Lucht Bainistíochta

Leis an gcúiteamh a íoctar le daoine tábhachtacha den lucht bainistíochta, tagraítear don Phríomhfheidhmeannach, a bhfuil a chuid sochar fostaí leagtha amach thíos:

| | **2019** | 2018 |
|---|---|---|
| | **€** | € |
| Tuarastal | **88,081** | 86,920 |
| Ranníocaíochtaí aoisliúntais an fhostóra | **14,683** | 14,490 |
| | **102,764** | 101,410 |

Bhí na sochair fostaí le haghaidh gach duine eile den fhoireann faoi bhun na mbannaí tairsí €60,000 in aghaidh na bliana in 2019 agus 2018.

## 5. COSTAIS RIARACHÁIN

| | **2019** | 2018 |
|---|---|---|
| | **€** | € |
| Taisteal agus cothabháil foirne | **35,404** | 31,601 |
| Taisteal agus cothabháil na gComhaltaí | **20,957** | 16,398 |
| Luach saothair an Chathaoirligh | **8,978** | 8,978 |
| Stáiseanóireacht | **777** | 1,710 |
| Tuarascálacha agus suirbhéanna | **2,215** | 1,065 |
| Tuarascáil Bhliantúil | **9,443** | 10,215 |
| Teileafón | **5,650** | 5,481 |
| Postas | **1,126** | 1,665 |
| Foilseacháin | **1,742** | 2,859 |
| Táillí dlí | **11,966** | 15,512 |
| Táillí comhairleachta | **20,273** | 11,706 |
| Táillí cuntasaíochta agus táillí gairmiúla | **2,800** | 2,800 |
| Táillí Iniúchóireachta | **7,289** | 13,893 |
| Cíos agus rátaí | **36,130** | 37,811 |
| Árachas | **3,021** | 3,035 |
| Deisiúchán agus athnuachan | **3,819** | 4,243 |
| Ilghnéitheach | **7,383** | 8,415 |
| Costas na gCruinnithe | **4,586** | 3,975 |
| Caiteachas ar fháilteachas | **2,818** | 6,195 |
| Oiliúint agus oideachas | **2,906** | 3,000 |
| Toghchán | **–** | 3,100 |
| | **189,283** | 193,657 |

Baineann na costais taistil agus chothabhála le taisteal náisiúnta.





## 6. CÁNACHAS

Tá an Ghníomhaireacht áirithe mar chomhlacht díolmhaithe faoin Ordú fán Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 (Leasú ar Sceideal 4), 2002, le héifeacht ón 30 Nollaig 1994. Faoi Alt 227 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, áfach, níl ús taisce a eascraíonn i dtaca le comhlachtaí stát-urraithe neamhthrachtála sainithe, lena n-áirítear an Ghníomhaireacht Náisiúnta Bainne, i dteideal díolúine a fháil ó cháin choinneála ar ús taisce. Cuirtear ús taisce i láthair glan ar cháin choinneála ar ús taisce de €146 (2018: €238).

## 7. SÓCMHAINNÍ SEASTA INLÁIMHSITHE

| | Troscán | Trealamh oifige | Trealamh ríomh-aireachta | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € |
| **Costas:** | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2019 agus | 16,466 | 25,679 | 98,971 | 141,116 |
| Breiseanna sa bhliain | – | – | 1,987 | 1,987 |
| **Amhail an 31 Nollaig 2019** | **16,466** | **25,679** | **100,958** | **143,103** |
| **Dímheas:** | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2019 | 13,420 | 24,742 | 92,118 | 130,280 |
| Curtha de mhuirear sa bhliain | 381 | 394 | 7,229 | 8,004 |
| **Amhail an 31 Nollaig 2019** | **13,801** | **25,136** | **99,347** | **138,284** |
| **Glanmhéideanna de réir na leabhar:** | | | | |
| **Amhail an 31 Nollaig 2019** | **2,665** | **543** | **1,611** | **4,819** |
| Amhail an 31 Nollaig 2018 | 3,046 | 937 | 6,853 | 10,836 |

## 8. FÉICHIÚNAITHE (Méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin)

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Tobhach bainne infhála | **66,278** | 96,863 |
| Réamhíocaíochtaí | **2,501** | 4,117 |
| Féichiúnaithe eile | **8,636** | 6,000 |
| | **77,415** | 106,980 |

## 9. CREIDIÚNAITHE (Méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin)

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Fabhruithe agus creidiúnaithe eile | **14,732** | 35,625 |
| ÍMAT/ÁSPC/MSU | **6,577** | 7,994 |
| | **21,309** | 43,259 |



## 10. IONSTRAIMÍ AIRGEADAIS

Tugtar achoimre thíos ar shuimeanna glanluacha shócmhainní agus dliteanas airgeadais na Gníomhaireachta de réir catagóire:

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | **€** | € |
| **Sócmhainní airgeadais** | | |
| *Arna thomhas ar an méid neamhlascainithe atá iníoctha* | | |
| • Tobhach bainne infhála agus féichiúnaithe eile (nóta 8) | **74,914** | 102,863 |
| | | |
| **Dliteanas airgeadais** | | |
| *Arna thomhas ar an méid neamhlascainithe atá iníoctha* | | |
| • Creidiúnaithe eile (nóta 9) | **813** | 872 |

## 11. CEANGALTAIS AIRGEADAIS

Seo thíos iomlán na n-íocaíochtaí léasa íosta amach anseo faoi léasanna oibríochta nach féidir a chealú i leith maoine:

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | **€** | € |
| Laistigh de bhliain amháin | **30,000** | 30,000 |
| Idir bliain amháin agus cúig bliana | **42,500** | 72,500 |
| | **72,500** | 102,500 |

## 12. SCÉIM AOISLIÚNTAIS FHOIREANN NA GNÍOMHAIREACHTA NÁISIÚNTA BAINNE 2010

Ba é an costas iomlán a cuireadh de mhuirear ar an Ráiteas um Ioncam agus Ciste Carntha sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019 ná €45,893 (2018: €45,201).

## 13. RÉITEACH AN EASNAIMH ROIMH CHÁNACHAS LEIS AN nGLANSREABHADH AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ OIBRIÚCHÁIN

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | **€** | € |
| *Réiteach an easnaimh le hairgead ó ghníomhaíochtaí* | | |
| **Easnamh roimh chánachas** | **(42,392)** | (29,073) |
| | | |
| Coigeartú le haghaidh: | | |
| Ús ar thaiscí | **(214)** | (442) |
| Dímheas na sócmhainní seasta inláimhsithe | **8,004** | 7,123 |
| | | |
| **Sreabhadh airgid oibriúcháin roimh ghluaiseacht sa chaipiteal oibre** | **(34,602)** | (22,392) |
| Laghdú ar fhéichiúnaithe | **29,565** | 24,492 |
| Laghdú ar chreidiúnaithe | **(21,950)** | (12,574) |
| **Glansreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | **(26,987)** | (10,474) |





# **AGUISÍN 6:** COMHLÍONADH/FORFHEIDHMIÚ

## Comhlíonadh

Measann an Ghníomhaireacht go bhfuil sí ag cloí le ceanglais an *Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016*, faoi réir fhorálacha na nAchtanna Bainne (Soláthar a Rialáil), 1994 go 1996 agus faoi réir an mhaolaithe ar an gCód atá ceadaithe di.

I gcomhlíonadh an Chóid, coinníodh faoi athbhreithniú é ag gach ceann de chruinnithe an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca in 2019 agus is amhlaidh atá fós.

Tá an Ghníomhaireacht ag cloí leis na hAchtanna/Rialacháin seo a leanas:

- Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998-2015
- An tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001
- An tAcht um Míchumas, 2005
- An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014
- An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, 2018
- An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014

Ní dhearnadh aon nochtadh cosanta leis an nGníomhaireacht in 2019.

Chomhlíon an Ghníomhaireacht ceanglais an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997 maidir le gach sonrasc a íoc laistigh de 30 lá ó fhaightear an sonrasc. I rith 2019, rinne an Ghníomhaireacht 172 íocaíocht agus íocadh iad go léir laistigh de 15 lá.

Tugann an Ghníomhaireacht tuairisc bhliantúil ar na bearta a dhéanann sí chun ídiú fuinnimh a laghdú mar a cheanglaítear faoi I.R. 542 de 2009 agus I.R. 151 de 2011.

Tá an Ghníomhaireacht tiomanta do gach iarracht a dhéanamh i dtaobh éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú. In 2019 áiríodh úsáid leictreachais na Gníomhaireachta mar chuid dá costas cíosa agus ní dheachaigh méadar ar leithligh uirthi ó úsáid an phríomhbhloic oifige ina bhfuil oifig na Gníomhaireachta lonnaithe. Bhain an úsáid sin le téamh, soilse agus trealamh oifige. Ní raibh aon soláthairtí eile breosla chuig an áitreabh, agus ní raibh aon fhoinsí fuinnimh in-athnuaite ar an láthair i gceist ach an oiread.

Beidh an Ghníomhaireacht ag obair i gcomhar le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) in 2020 chun deiseanna a aithint i dtaobh ídiú fuinnimh a laghdú san áitreabh.



# AGUISÍN 7: REACHTANNA AGUS IONSTRAIMÍ REACHTÚLA A BHAINEANN LEIS AN nGNÍOMHAIREACHT

## Reachtanna

Acht an Bhainne (Soláthar a Rialáil), 1994

Acht an Bhainne (Soláthar a Rialáil) (Leasú), 1995

Acht an Bhainne (Soláthar a Rialáil) (Leasú), 1996

Na Rialacháin fán Acht um Shaoráil Faisnéise 1997 (Comhlachtaí Forordaithe) (Uimh. 2), 2002

An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014

## Ionstraimí Reachtúla

I.R. Uimh. 409 de 1994 – An tOrdú Bainne (Soláthar a Rialáil) (An Ghníomhaireacht Náisiúnta Bainne a Bhunú), 1994

I.R. Uimh. 460 de 1994 – An tOrdú um an nGníomhaireacht Náisiúnta Bainne (Lá Toghcháin), 1994

I.R. Uimh. 234 de 1995 – Na Rialacháin um an nGníomhaireacht Náisiúnta Bainne (Comhaltaí), 1995

I.R. Uimh. 252 de 1995 – An tOrdú fá Acht an Bhainne (Soláthar a Rialáil), 1994 (Alt 5) (Tosach Feidhme), 1995

I.R. Uimh. 253 de 1995 – An tOrdú Bainne (Soláthar a Rialáil) (Tobhach), 1995

I.R. Uimh. 254 de 1995 – Na Rialacháin um an nGníomhaireacht Náisiúnta Bainne (Míonna Geimhridh), 1995

I.R. Uimh. 309 de 1995 – Na Rialacháin um an nGníomhaireacht Náisiúnta Bainne (An Lá Toghcháin a Chúlghairm), 1995

I.R. Uimh. 347 de 1995 – Na Rialacháin Bainne (Soláthar a Rialáil) (Tuairisceáin Tobhaigh), 1995

I.R. Uimh. 348 de 1995 – Na Rialacháin Bainne (Soláthar a Rialáil) (Iarratas ar Chlárúchán), 1995

I.R. Uimh. 265 de 1996 – Na Rialacháin um an nGníomhaireacht Náisiúnta Bainne (Táillí), 1996

I.R. Uimh. 184 de 1997 – Na Rialacháin um an nGníomhaireacht Náisiúnta Bainne (Lá Toghcháin), 1997

I.R. Uimh. 185 de 1997 – Na Rialacháin um an nGníomhaireacht Náisiúnta Bainne (Toghcháin a Stiúradh), 1997

I.R. Uimh. 271 de 2000 – Na Rialacháin um an nGníomhaireacht Náisiúnta Bainne (Toghcháin a Stiúradh) (Leasú), 2000

I.R. Uimh. 272 de 2000 – Na Rialacháin um an nGníomhaireacht Náisiúnta Bainne (Lá Toghcháin), 2000

I.R. Uimh. 368 de 2003 – Na Rialacháin um an nGníomhaireacht Náisiúnta Bainne (Lá Toghcháin), 2003

I.R. Uimh. 369 de 2003 – Na Rialacháin um an nGníomhaireacht Náisiúnta Bainne (Toghcháin a Stiúradh) (Leasú), 2003

I.R. Uimh. 471 de 2006 – Na Rialacháin um an nGníomhaireacht Náisiúnta Bainne (Toghcháin a Stiúradh) (Leasú), 2006

I.R. Uimh. 472 de 2006 – Na Rialacháin um an nGníomhaireacht Náisiúnta Bainne (Lá Toghcháin), 2006

I.R. Uimh. 371 de 2009 – Na Rialacháin um an nGníomhaireacht Náisiúnta Bainne (Lá Toghcháin), 2009

I.R. Uimh. 372 de 2009 – Na Rialacháin um an nGníomhaireacht Náisiúnta Bainne (Toghcháin a Stiúradh) (Leasú), 2009





I.R. Uimh. 588 de 2010 – Scéim Aoisliúntais Fhoireann na Gníomhaireachta Náisiúnta Bainne, 2010

I.R. Uimh. 450 de 2012 – Na Rialacháin um an nGníomhaireacht Náisiúnta Bainne (Lá Toghcháin), 2012

I.R. Uimh. 451 de 2012 – Na Rialacháin um an nGníomhaireacht Náisiúnta Bainne (Toghcháin a Stiúradh) (Leasú), 2012

I.R. Uimh. 400 de 2015 – Na Rialacháin um an nGníomhaireacht Náisiúnta Bainne (Toghcháin a Stiúradh) (Leasú), 2015

I.R. Uimh. 401 de 2015 – Na Rialacháin um an nGníomhaireacht Náisiúnta Bainne (Lá Toghcháin), 2015

I.R. Uimh. 324 de 2016 – Scéim Aoisliúntais Fhoireann na Gníomhaireachta Náisiúnta Bainne, 2016

I.R. Uimh. 262 de 2018 – Na Rialacháin um an nGníomhaireacht Náisiúnta Bainne (Toghcháin a Stiúradh) (Leasú), 2018

I.R. Uimh. 263 de 2018 – Na Rialacháin um an nGníomhaireacht Náisiúnta Bainne (Lá Toghcháin), 2018



AN GHNÍOMHAIREACHT
NÁISIÚNTA **BAINNE**

Stiúideo Pháirc an Chuilinn,
Ascaill Pháirc an Chuilinn,
An Charraig Dhubh,
Co. Bhaile Átha Cliath,
A94 R6F7.

Teil: 01 6603396
Facs: 01 6603389

Ríomhphost: nma@nationalmilkagency.ie
Gréasán: www.nationalmilkagency.ie